# Tuarascáil Bhliantúil

2023

AN INSTITIÚID
UM THAIGHDE
EACNAMAÍOCHTA
AGUS SÓISIALTA

ESRI ECONOMIC & SOCIAL
RESEARC– INSTITUTE

Beartas eolasach
d'Éirinn níos fearr

## MAIDIR LEIS AN ESRI

Déanann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) ceapadh beartais fianaisebhunaithe chun cinn a thacaíonn le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta in Éirinn. Cuireann taighdeoirí an ESRI na caighdeáin is airde barr feabhais acadúil i bhfeidhm maidir leis na dúshláin atá roimh lucht ceaptha beartas, ag díriú ar 12 réimse a bhfuil ríthábhacht leo d'Éirinn sa 21ú hAois.

Bunaíodh an Institiúid sa bhliain 1960 ag grúpa státseirbhíseach sinsearach faoi stiúir an Dr T.K. Whitaker, a shainaithin an gá le hanailís taighde neamhspleách agus dhomhain a dhéanamh. Ó shin i leith, tá an Institiúid tiomanta do thaighde neamhspleách agus ní léirítear aon idé-eolaíocht nó seasamh polaitiúil ina cuid oibre. Foilsíonn an Institiúid gach taighde a shroicheann an caighdeán acadúil cuí, beag beann ar thorthaí an taighde nó ar cé a mhaoiníonn é.

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í an ESRI, atá freagrach dá comhaltaí agus atá faoi rialú Comhairle, ar a bhfuil suas le 14 ionadaí as measc chomhaltaí an ESRI ón saol acadúil, ó sheirbhísí sibhialta, ó ghníomhaireachtaí stáit, ó ghnólachtaí agus ón tsochaí shibhialta. Tagann maoiniú don ESRI ó chláir thaighde a fhaigheann tacaíocht ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, comhlachtaí poiblí, cláir thaighde iomaíocha, táillí ballraíochta, agus deontas i gcabhair bhliantúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Tá eolas breise ar fáil ag www.esri.ie.

Is í an Chomhairle bord rialúcháin foriomlán na hInstitiúide atá ag feidhmiú mar bhord stiúrthóirí na hInstitiúide. Tá an Chomhairle freagrach as straitéis taighde na hInstitiúide a fhorbairt i gcomhar leis an Stiúrthóir agus baill foirne. Bíonn cruinniú ag an gComhairle gach ráithe. Tá trí fhochoiste ann mar thacaíocht: Iniúchadh agus Riosca, Gnó agus Oibríochtaí, agus Rialachas agus Ainmniúcháin. Tá beathaisnéis ghearr ar chomhaltaí na Comhairle i gCuid 6.

## *An Chomhairle*

**COMHALTAÍ AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2023**



***.An tUas. S. O'Driscoll, Uachtarán agus Cathaoirleach***



***An tOllamh A. Barrett, Stiúrthóir***

An tUas. SEAN O'DRISCOLL,
Uachtarán agus Cathaoirleach

AN tOLLAMH ALAN BARRETT, Stiúrthóir,
an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

An tUas. SHAY CODY, Iar-Ard-Rúnaí, Fórsa

AN tOLLAMH KATY HAYWARD, Ollscoil na Banríona
Béal Feirste

AN tOLLAMH THIA HENNESSY, Coláiste na hOllscoile
Corcaigh

AN tOLLAMH BRIGID LAFFAN, Ollamh Emeritus, Institiúid Ollscoile Eorpach

GABRIEL MAKHLOUF, Gobharnóir, Banc Ceannais na hÉireann

AN tOLLAMH SANDRA McNALLY, Ollscoil Surrey, an Ríocht Aontaithe

AN tUAS. DAVID MOLONEY, Ard-Rúnaí,
an Roinn Caiteachais Phoiblí,
Sheachadadh PFN agus Athchóirithe

AN tOLLAMH CIARÁN Ó hÓGARTAIGH,
Uachtarán, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

ANNE O'LEARY, Ceannasaí Meta Ireland agus Leas-Uachtarán, Grúpa Domhanda Gnó, EMEA

AN DR ORLAIGH QUINN, Ard-Rúnaí na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

** D'éirigh an tUas. Rónán Murphy, an tUas. Pat Rabbitte agus an tOllamh Rowena Pecchenino as an gComhairle i mí Feabhra 2023.*

## Clár na nÁbhar


1. RÉAMHRÁ ..... 2
1.1. NEAMHSPLEÁCHAS AGUS MAOINIÚ ..... 2
1.2. ASCHUIR THAIGHDE IN 2023 ..... 3
1.3. RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS INBHUANAITHEACHT ..... 5
Comhaltacht sa Chomhairle ..... 5
Bearna phá idir na hinscní ..... 5
An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 ..... 6
Inbhuanaitheacht Chomhshaoil ..... 6
An tAcht um Nochtadh Cosanta ..... 7
Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 ..... 7
1.4. DAOINE ..... 8
2. ACHOIMRE AR ÉACHTAÍ STRAITÉISEACHA IN 2023 ..... 9
2.1 Taighde ..... 9
2.2 Maoiniú ..... 9
2.3 Cumarsáid ..... 10
2.4 Acmhainní Daonna ..... 10
2.5 Próisis Ghnó ..... 10
3. TAIGHDE IN 2023 ..... 11
1. Eolaíocht Iompraíochta ..... 11
2. Iomaíochas, Trádáil agus IDC ..... 11
3. Oideachas ..... 12
4. Fuinneamh, Comhshaol agus Bonneagar ..... 14
5. Sláinte agus Caighdeán na Beatha ..... 15
6. Margadh an tSaothair agus Scileanna ..... 15
7. Maicreacnamaíocht ..... 16
8. Imirce, Lánpháirtiú agus Déimeagrafaíocht ..... 17
9. Ionchuimsiú Sóisialta agus Comhionannas ..... 19
10. Cáin, Leas agus Pinsin ..... 20
4. COMHORDAITHEOIRÍ AR RÉIMSÍ TAIGHDE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2023 ..... 22
5. BAILL FOIRNE AN 31 NOLLAIG 2023 ..... 24
6. Comhairle na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta - Eolas Beathaisnéise ..... 26
7. PÁTRÚIN WHITAKER AGUS BAILL CHORPARÁIDEACHA ..... 29

# 1. RÉAMHRÁ

Is deis í an Tuarascáil Bhliantúil seo dúinn machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh agus ar an méid a baineadh amach in 2023 agus ar an gcaoi a gcomhlíonann an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) a misean, is é sin fianaise a chur ar fáil chun bonn eolais a chur faoi cheapadh beartais agus faoi dhíospóireacht phoiblí.

Tá Comhairle an ESRI freagrach as treo straitéiseach na hInstitiúide agus as monatóireacht a dhéanamh ar a gníomhaíochtaí agus ar éifeachtacht a rialachais inmheánaigh. Ós rud é go bhfuil neamhspleáchas acadúil iomlán ag an Institiúid, níl smacht ná tionchar ag an gComhairle ar aschur an taighde.

In 2023, an cúigiú bliain agus an bhliain deiridh dár straitéis 2019-2023, chuir an Chomhairle agus an Coiste Bainistíochta tús leis an bpróiseas chun straitéis nua a fhorbairt don Institiúid, agus é mar aidhm againn a chinntiú go mbainfear amach ár misean uileghabhálach, is é sin taighde neamhspleách, láidir a sholáthar chun tacú le forbairt beartais ar mhaithe le feabhas na hÉireann, agus inbhuanaitheacht na hInstitiúide á cinntiú ag an am céanna. Bhí an próiseas cuimsitheach agus comhoibríoch sin bunaithe ar an aiseolas léargasach ónár bpáirtithe leasmhara sa mheasúnú piaraí neamhspleách a rinneadh le déanaí ar an Institiúid, anailís ar fheidhmíocht na hInstitiúide le linn na tréimhse straitéise roimhe sin, agus dúshláin agus deiseanna i gcomhthéacs ár gcumas agus ár n-acmhainní inmheánacha. Foilsíodh Straitéis 2024-2028 i mí Dheireadh Fómhair 2023, agus tá sí ar fáil ar ár suíomh gréasáin (www.esri.ie). Tá sé fréamhaithe inár dtiomantas maidir le clár oibre taighde soiléir agus dírithe a chur ar fáil lena soláthrófar fianaise láidir maidir le réimsí criticiúla beartais d'Éirinn.

Tugtar breac-chuntas sa réamhrá seo ar dhearcadh na Comhairle ó thaobh éifeachtacht na hInstitiúide maidir lena misean a bhaint amach, is é sin bonn láidir fianaise a chur ar fáil chun beartas a threorú. Áirítear ann freisin forléargas gearr ar shocruithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais na hInstitiúide, agus ar an aschur taighde in 2023, an cúigiú bliain agus an bhliain deiridh dá straitéis 2019-2023.

## 1.1. NEAMHSPLEÁCHAS AGUS MAOINIÚ

I straitéis taighde na hInstitiúide, léirítear an tábhacht a bhaineann le gealltanas an ESRI chun taighde a dhéanamh atá neamhspleách, oibiachtúil agus ar ardchaighdeán. Cinntítear an tiomantas seo don neamhspleáchas trí shocruithe conarthacha le cliaint agus treisítear é le beartas a éilíonn go bhfoilsítear torthaí taighde, beag beann ar fhoinsí maoinithe. Chun cáilíocht, oibiachtúlacht agus neamhspleáchas a choinneáil, cuirtear próiseas láidir measúnaithe piaraí i bhfeidhm, próiseas atá

faoi réir grinnscrúdú rialta ag an gComhairle. Ina theannta sin, téann an Institiúid faoi phróiseas measúnaithe piaraí neamhspleách gach cúig bliana, chun a chinntiú go gcloítear leis na prionsabail sin. Rinneadh an measúnú piaraí is déanaí in 2022, agus tá an tuarascáil ar fáil ar ár suíomh gréasáin (www.esri.ie).

Le haistriú an tionscadail Fás Aníos in Éirinn ón Institiúid go dtí an Phríomh-Oifig Staidrimh ag deireadh 2022, tháinig dúshlán airgeadais chun cinn don Institiúid. In 2023, dhíríomar ar chláir ilbhliantúla taighde atá ann cheana féin a choinneáil, arna maoiniú ag roinnt ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, agus cláir nua á bhforbairt ag an am céanna le tacaíocht ó roinnt ranna agus gníomhaireachtaí rialtais nua. Méadaíodh an deontas-i-gcabhair bliantúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mBuiséad 2024. Tá an GIA ríthábhachtach chun tacú le misean na hInstitiúide. Aithníonn an Chomhairle an tacaíocht sin agus cuireann sí fáilte mhór roimpi. Tháinig formhór na coda eile den airgead a theastaíonn chun taighde na hInstitiúide a choinneáil ar bun ó chláir thaighde, arna gcoimisiúnú den chuid is mó ag comhlachtaí poiblí agus ó dheontais taighde. Tháinig méadú ar shíntiúis Chomhaltaí Corparáideacha agus Phátrún Whitaker in 2023, agus is mór an sásamh don Chomhairle tiomantas na gcomhaltaí reatha agus na gcomhaltaí nua araon chun tacú leis an taighde neamhspleách, dírithe ar bheartas a dhéanann an ESRI.

## 1.2. ASCHUIR THAIGHDE IN 2023

Lean an Institiúid lena taifead láidir maidir le haschur taighde neamhspleách ardchaighdeáin a tháirgeadh i raon leathan asraonta. Ina measc sin bhí 46 alt in irisí a ndéantar measúnú piaraí orthu, 36 tuarascáil agus 8 chaibidil i leabhair. Anuas air sin, foilsíodh 14 Feasachán Taighde inar cuireadh ábhar ó ailt in irisí i láthair ar bhealach soiléir soléite. Scaipeadh obair atá idir lámha in 29 ceann de pháipéir oibre.

Tá scaipeadh éifeachtach an taighde sin mar chuid lárnach dár gcuid oibre i gcónaí. Rinneadh tagairt don ESRI sna meáin os cionn 5,600 uair, tháinig taighdeoirí os comhair coistí Oireachtais 8 n-uaire, agus luadh an ESRI in imeachtaí an Oireachtais os cionn 600 uair. Reáchtáladh 29 n-imeacht san iomlán, agus cuireadh tús arís lenár seimineáir rialta taighde in 2023, tar éis a bheith curtha ar fionraí le linn na paindéime.

Cuirtear achoimrí mionsonraithe ar aschuir taighde in 2023 ar fáil níos déanaí sa doiciméad seo. Tugaimid breac-chuntas gairid anseo ar chuid de na buaicphointí i bpríomhréimsí beartais.

Bhí ceist na hinimirce ag éirí níos feiceálaí in 2023 agus bhí an ESRI in ann fianaise a thabhairt do dhíospóireachtaí ar an ábhar. Is í an Institiúid Pointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann do Ghréasán Imirce na hEorpa (EMN) agus, i rith na bliana, scrúdaigh foireann EMN lánpháirtiú iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa mhargadh saothair. Cé go roghnaíonn go leor iarrthóirí tearmainn oibriú nuair a cheadaítear dóibh é sin a dhéanamh, léiríonn na sonraí go dtéann an chuid is mó díobh isteach i bpoist a bhfuil pá íseal agus coinníollacha oibre nach bhfuil chomh maith sin mar shaintréith acu. D'fhoilsigh an Institiúid ár dTuarascáil Faireacháin dhébhliantúil ar Lánpháirtiú

freisin. Cuirtear réimse leathan táscairí i láthair maidir le cé chomh maith agus atá inimircigh á lánpháirtiú i

ngnéithe éagsúla den saol in Éirinn. I measc na bpríomhthorthaí, léirigh sé feabhsuithe ar eispéireas na n-imirceach sa mhargadh saothair, rud a raibh tionchar ollmhór ag srianta a bhain le COVID-19 air. Mar sin féin, bhí ráta níos airde ag imircigh (17 faoin gcéad) de bheith 'i mbaol bochtaineachta' ná mar a bhí ag daoine a rugadh in Éirinn (12 faoin gcéad).

Bhí cúrsaí tithíochta go mór chun tosaigh sa díospóireacht arís in 2023, agus an soláthar tithíochta fós i bhfad faoi bhun na riachtanas measta. Lean an ESRI le taighde a dhéanamh ar an ábhar seo, lena n-áirítear: an tionchar a bhíonn ag drochdhálaí tithíochta ar shláinte leanaí agus ar fholláine shóisialta agus mhothúchánach; dúshláin tithíochta in Éirinn a chur i gcomparáid le teaghlaigh chomhchosúla i 14 thír Eorpacha; agus an soláthar tithíochta ar fud oileán na hÉireann. Lean an ESRI leis an Innéacs Cíosa ráithiúil a chur ar fáil thar ceann an Bhoird um Thionóntachtaí Cónaithe agus d'fhoilsigh sé tuarascáil ina ndearnadh iniúchadh ar na difríochtaí idir cíosanna idir tionóntachtaí reatha agus tionóntachtaí nua.

Bhí géarchéim an chostais mhaireachtála feiceálach in 2023. Sa seisiún faisnéise bliantúil iar-Bhuiséid i mí Dheireadh Fómhair, scrúdaíodh an tionchar dáilte a bheadh ag athruithe ar bheartas cánach agus leasa a fógraíodh mar chuid de Bhuiséad 2024. Léirigh an obair sin, cé nach raibh na bearta buana sochair cánach i gcomhréir leis an mboilsciú, gur áirithíodh leis na bearta aonuaire a tugadh isteach mar fhreagairt ar an ngéarchéim leanúnach maidir le costais mhaireachtála cosaint shuntasach d’ioncaim, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal. Thuairiscigh an Tráchtaireacht Eacnamaíochta Ráithiúil na treochtaí bunúsacha maidir le fás agus nochtadh féideartha do thosca riosca seachtracha, go háirithe tionchar na géarchéime fuinnimh leis an ionradh leanúnach ar an Úcráin. Chuir samhail na hInstitiúide den mhacragheilleagar bonn eolais faoi anailísí ar chásanna éagsúla agus ar fhorbairtí agus beartais eacnamaíocha eile, lena n-áirítear an Plean Forbartha Náisiúnta.

Leanadh den dioscúrsa poiblí maidir le fuinneamh agus de na gairmeacha chun gnímh chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide atá ag dul in olcas. Le níos mó agus níos mó fianaise ar theagmhais adhaimsire, caillteanas na bithéagsúlachta agus teochtaí domhanda ag dul i méid, bhí níos mó práinne le brath i measc an phobail agus lucht déanta beartas chun réitigh éifeachtacha a chur i bhfeidhm. Aithnítear i dtaighde a rinne an ESRI go bhfuil na dúshláin chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíochta idirnasctha. Rinneadh taighde ar ábhair mar shampla éifeachtúlacht fuinnimh chónaithe, bochtaineacht fuinnimh agus margaí leictreachais. Scrúdaigh roinnt staidéar gnéithe den bhochtaineacht breosla, lena n-áirítear imscrúdú ar na héifeachtaí cothromais atá ag cineálacha éagsúla idirghabhálacha beartais maidir le hinacmhainneacht fuinnimh.

Tugtar achoimrí ar aschuir taighde in 2023 in alt 3 den doiciméad seo, ar ár láithreán gréasáin (www.esri.ie) agus san Athbhreithniú bliantúil ar Thaighde, a foilsíodh i Ráithe 2 2024 agus atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin (Athbhreithniú an ESRI ar Thaighde 2023 | An ESRI).

## 1.3. RIALACHAS CORPARÁIDEACH AGUS INBHUANAITHEACHT

Déanann an Institiúid gníomh ar ábhair neamh-airgeadais, mar shampla cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais. Creidimid go bhfuil sé sin chun leasa an chomhshaoil agus an Institiúid, ár bpáirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne. Sna ranna thíos, tuairiscímid ar an gcaoi a mbainistímid na dúshláin sin ar bhealach éifeachtach agus cuntasach.

### Comhaltacht na Comhairle

Tá Comhairle an ESRI tiomanta do na caighdeáin is airde a choinneáil ó thaobh rialachas corparáideach de. Tá ról ríthábhachtach ag ceann d’fhochoistí na Comhairle, an Coiste um Rialachas agus Ainmniúcháin, lena chinntiú go bhfuil an saineolas, an ionadaíocht éagsúil earnála agus an comhionannas inscne riachtanach ag an gComhairle. Maireann comhaltas ar an gComhairle trí bliana go hiondúil, agus cuirtear síneadh trí bliana leis sin go minic. Ní íoctar aon táillí le comhaltaí Comhairle as bheith mar chomhaltaí den Chomhairle. Tá próiseas foirmiúil ann le comhaltaí a ainmniú. Déantar iad a thoghadh mar chuid de chruinniú ginearálta bliantúil na hInstitiúide, rud a chuireann le trédhearcacht agus cuntasacht i gcleachtais rialachais na hInstitiúide.

Ba phléisiúr é fáilte a chur roimh chomhaltaí nua sa Chomhairle i rith na bliana: An tUas. Shay Cody, iar-Ard-Rúnaí, Fórsa, an tOllamh Thia Hennessy, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, agus an tOllamh Brigid Laffan, Ollamh Emeritus, an Institiúid Ollscoile Eorpach. D'éirigh an tUas. Rónán Murphy, an tOllamh Rowena Pecchenino agus an tUas. Pat Rabbitte as an gComhairle i mí Feabhra 2023. Is mian linn an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leo as an rannchuidiú ollmhór a rinne siad leis an gComhairle.

I rith 2023, d’fhóin Sandra McNally, Ciarán Ó hÓgartaigh agus Brigid Laffan ar an bhfochoiste um Iniúchadh agus Riosca; d’fhóin Anne O’Leary, Katy Hayward, David Moloney agus Alan Barrett ar an bhfochoiste um Ghnó agus Oibríochtaí; agus d’fhóin Sean O’Driscoll, Orlaigh Quinn agus Alan Barrett ar an bhfochoiste um Rialachas agus Ainmniúcháin.

### Bearna phá idir na hinscní

Leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, ceanglaítear ar eagraíochtaí Tuarascáil faoin Difríocht Phá idir na hInscní. Cé nach mbeidh an ceanglas tuairiscithe i bhfeidhm maidir le heagraíochtaí ar mhéid na heagraíochta sin againne go dtí 2025, tá ár dtorthaí foilsithe againn ar ár láithreán gréasáin (Tuarascáil ESRI faoin Difríocht Pá idir na hInscní 2023 | ESRI) chun ár dtiomantas don chomhionannas inscne a léiriú. Léiríonn na torthaí go bhfuil an bhearna phá mheánach de 5.3% i bhfabhar na mban. Léiríonn sé sin gur mhná iad cion níos airde de na baill foirne sinsearacha lena n-íoctar tuarastal níos airde. Tá an t-airmheán de 30.9%, nach bhfuil an tionchar

céanna ag rátaí foircneacha air, i bhfad níos mó i bhfabhar na mban. Léirítear leis sin an cion níos airde ban i róil shinsearacha agus go bhfuil na scálaí pá níos leithne ar leibhéil shinsearacha.

## An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

Tá an Institiúid tiomanta i dtaobh beartais agus gníomhartha a chur chun feidhme atá ag teacht leis na dualgais atá á leagan ar chomhlachtaí poiblí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Sainaithníodh obair na hInstitiúide sa réimse seo nuair a bronnadh gradam Cré-umha Athena Swan air i mí na Samhna 2023. Is scéim creidiúnaithe um chairt cháilíochta is ea seo a bhfuil creat mar bhonn agus mar thaca aici, creat d'institiúidí ardoideachais agus taighde chun obair inbhuanaithe ag a bhfuil tionchar maidir le comhionannas inscne a chur i bhfeidhm agus chun cur leis an gcumas d'obair fhianaisebhunaithe maidir le hinscne ar feadh na bhforas comhionannais atá cumhdaithe i reachtaíocht na hÉireann.

## Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

Agus an ghéarchéim aeráide ag éirí níos práinní, tá gealltanas tugtha ag an ESRI dul i mbun gnímh chun a thionchar ar an gcomhshaol a laghdú. Ar leibhéal na heagraíochta, déanaimid roinnt beart glas agus cuirimid gníomhartha i bhfeidhm chun ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú.

**Soláthar:** Is é beartas an ESRI é treoirlínte na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) a chur i bhfeidhm maidir le dea-chleachtas um Sholáthar Poiblí Glas (SPG) trí chritéir inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chomhtháthú inár bpróisis soláthair nuair is ábhartha. Bainimid leas as creataí OSR agus HEAnet i gcás inarb ábhartha. In 2023, ceannaíodh crua-earraí TFC faoi chreataí HEAnet lenar áiríodh critéir dámhachtana um shaintréithe comhshaoil agus fuinnimh. Faightear fóntais tógála an ESRI trí Chreat-chomhaontuithe Fuinnimh na OSR.

**Dramhaíl/bruscar**: Tá teorainn curtha ag an ESRI lena thionchar ar an gcomhshaol trí bhearta éagsúla. Déantar dramhaíl a athchúrsáil nuair is féidir; mar shampla, in 2023, rinneadh 464 kg de threalamh TF agus WEEE a athchúrsáil (i gcomhréir le Treoir 2002/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa). Cuireann soláthraithe seirbhísí dramhaíola bearta i bhfeidhm nuair is féidir, mar shampla deighilt dramhaíola agus athchúrsáil. Scaiptear tuarascálacha taighde an ESRI go digiteach ar dtús, agus is beag tuarascáil a phriontáiltear. Úsáideann an ESRI páipéar athchúrsáilte inár printéirí. Déantar dramhaíl rúnda a stialladh agus a dheimhniú ar an láthair, agus ansin seoltar í le haghaidh athchúrsála.

**Fuinneamh/Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa:** Comhlíonann an ESRI ceanglais na gcomhlachtaí san earnáil phoiblí trí shonraí feidhmíochta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG) a thuairisciú d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) gach bliain. Tuairiscítear éachtaí an ESRI i dTuarascáil Bhliantúil an SEAI (2022) atá ar fáil faoi láthair: laghdú 43% ar thomhaltas fuinnimh, laghdú 57% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa neamh-leictreachais, laghdú 55% ar astaíochtaí iomlána gás ceaptha teasa, agus tuairiscítear go bhfuil an ESRI ar an mbóthar

ceart chun na spriocanna a bhaint amach. Cuireann an ESRI tionscadail éagsúla i bhfeidhm, ó dhíriú níos mó ar bhainistíocht fuinnimh i bhfoirgnimh, athrú iompraíochta mar shampla laghdú ar thaisteal gnó, agus gníomhaíochtaí coigilte fuinnimh mar shampla athchúrsáil agus múchadh soilse agus trealamh a chur chun cinn i measc na foirne. Chuir an ESRI

tionscadal i bhfeidhm roimhe seo chun an soilsiú sna hoifigí a dhéanamh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus tá soilsiú LED a bhraitheann gluaisne i roinnt mhaith limistéar comhroinnte anois, rud atá tábhachtach mar gheall ar an éagsúlacht leanúnach ar an líon daoine a bhíonn i láthair san oifig de bharr na hoibre hibridí.

Mar sin féin, tuigeann an ESRI na dúshláin atá le sárú aige agus é ag leanúint lena spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach mar gheall go bhfuil an foirgneamh ag dul in aois. In 2023, phléigh Coiste Bainistíochta agus Comhairle an ESRI a riachtanais ó thaobh spáis oifige de i gcomhthéacs an mhéid sin agus an laghdú ar an líon daoine a bhíonn i láthair san oifig mar gheall ar shocruithe oibre hibridí. Cé go bhfuil cinneadh fós le déanamh, geallann an ESRI critéir éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdú astuithe GHG a ionchorprú in athchóirithe ar an bhfoirgneamh amach anseo nó i soláthairtí a bhaineann le hoifigí nua.

**Iompar inbhuanaithe:** Ceanglaítear ar fhoireann an ESRI iompar poiblí a ghlacadh nuair is féidir chun críoch gnó. Cuireann an ESRI an scéim Rothaíocht chun na hOibre ar fáil dá fhoireann, agus cuireann sé páirceáil shlán rothar ar fáil chun úsáid rothar a spreagadh chun taisteal chuig an obair agus uaithi.

**An todhchaí:** Geallann an Institiúid beartas soláthair inbhuanaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm in 2024 agus critéir ghlasa a áireamh i ngach soláthar. Cé go bhfuil dul chun cinn an-mhaith déanta againn i dtreo ár spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach, táimid tiomanta d'fheabhsú leanúnach. In 2024 ullmhóidh an ESRI a Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ina leagfar amach go soiléir ár bpleananna chun ár spriocanna dícharbónaithe agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach, i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 (CAP23).

## An tAcht um Nochtadh Cosanta

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta don ESRI in 2023. Tá an ESRI tiomanta do na caighdeáin is airde trédhearcachta, ionracais agus cuntasachta a choinneáil. Tacaímid le forálacha an Achta um Nochtadh Cosanta agus comhlíonaimid iad. Chun comhlíonadh an Achta a chinntiú, tá beartas agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn a leagann amach an próiseas chun nochtadh cosanta a dhéanamh, trí bhealaí inmheánacha ainmnithe nó trí bhealaí seachtracha, mar atá forordaithe sa reachtaíocht.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Níl Oifigeach Gaeilge tiomnaithe ag an ESRI faoi láthair ach déanann sé iarracht Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh nuair is féidir, faoi réir srianta buiséid.

## 1.4. DAOINE

Aithníonn an Chomhairle saineolas agus tiomantas fhoireann an ESRI, atá ard-oilte, gairmiúil agus díograiseach. Aithnítear go leor taighdeoirí go hidirnáisiúnta as a gcuid saineolais agus sármhaitheasa. Tacaíonn foireann chomh tiomanta céanna, in Acmhainní Corparáideacha, leis na taighdeoirí.

Ba mhaith leis an gComhairle buíochas a ghabháil leis na ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, Pátrúin Whitaker agus baill chorparáideacha agus aonair a thugann tacaíocht do chláir thábhachtacha thaighde agus leis na páirtithe leasmhara go léir a bhíonn ag plé le hobair na hInstitiúide. Cuireann an tacaíocht sin ar a cumas don Institiúid oibriú i dtreo a fís a bhaint amach, is é sin a bheith ina hinstitiúid taighde ar caighdeán domhanda a thacaíonn le hÉirinn níos cuimsithí, níos rathúla, níos inbhuanaithe agus níos dícharbónaithe a bhaint amach.

Sean O'Driscoll — Uachtarán agus Cathaoirleach

Alan Barrett — Stiúrthóir

## 2. ACHOIMRE AR ÉACHTAÍ STRAITÉISEACHA IN 2023

Tugadh Straitéis na hInstitiúide 2019-2023 chun críche in 2023. Le linn na gcúig bliana a mhair an straitéis, rinne an Chomhairle maoirsiú ar an dul chun cinn ó thaobh baint amach spriocanna na hInstitiúide maidir le sármhaitheas sa taighde, cumarsáid ábhartha agus éifeachtach, agus an tionchar atá ag a beartais agus a gníomhartha straitéiseacha, trí thuarascálacha rialta a thabhairt dá fochoiste, agus don Choiste Gnó agus Oibríochtaí. Tugadh tuairisc bhliantúil ar dhearcadh na Comhairle ar éifeachtacht na hInstitiúide maidir lena misean a bhaint amach i dTuarascálacha Bliantúla na hInstitiúide.

Toisc gurbh í 2023 an bhliain dheireanach ina ndearnadh tuairisciú ar an dul chun cinn faoin Straitéis 2019 go 2023, déanaimid machnamh thíos ar chuid de na réimsí ina ndearnadh dul chun cinn thar chúig bliana na straitéise, agus aithnímid roinnt réimsí ina ndearnadh dul chun cinn níos moille agus inar tugadh gníomhartha ar aghaidh go dtí an chéad tréimhse straitéiseach eile.

### 2.1 Taighde

Cé gur lean an Institiúid ar aghaidh ag cothú cáilíocht agus cainníocht an aschuir taighde neamhspleách agus piarmheasúnaithe, dhíríomar freisin ar a chinntiú go raibh ár gclár oibre taighde fós ábhartha, agus gur phléigh sé le go leor de na dúshláin atá roimh an tír. Thug géarchéim COVID sampla de chumas an ESRI a aird a dhíriú ar shaincheist nua agus líon ard taighde ar ardchaighdeán a bhfuil tionchar aige a tháirgeadh go tráthúil. Rinne roinnt mhaith foirne anailís a chabhraigh leis an gcinnteoireacht ag an am sin.

Cruthaíodh an tAonad um Oileán Comhroinnte (SIU) i Roinn an Taoisigh an tráth céanna a raibh spéis nua á cur i saincheisteanna uile-oileáin, tar éis Brexit. D'fhorbair an SIU agus an ESRI clár taighde chun tacú leis an obair sin; faoi thús na bliana 2024, bhí 11 thuarascáil curtha ar fáil, mar aon le roinnt mhaith imeachtaí, ina measc dhá cheann i dTuaisceart Éireann.

De réir mar a d'éirigh an ghéarchéim aeráide níos géire, agus ós rud é go ndearnadh dul chun cinn mall go leor ar iarrachtaí na hÉireann chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, leanadh le hobair an ESRI ar an aeráid agus leathnaíodh í, go páirteach mar fhreagra ar cheanglais nua ó ranna rialtais.

### 2.2 Maoiniú

Díríodh go mór ar inbhuanaitheacht airgeadais sna cúig bliana de Straitéis 2019-2023. D'éirigh leis an Institiúid go leor dár gcláir thaighde ilbhliantúla reatha a choinneáil ar bun, trí thaighde ábhartha, piarmheasúnaithe den scoth a sholáthar. D'fhorbraíomar réimsí nua taighde freisin, mar léiriú ar thosaíochtaí taighde náisiúnta atá ag teacht chun cinn. Fuair go leor de na cláir sin maoiniú ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais. Faoi dheireadh 2023, agus ár bpróiseas nua forbartha straitéise curtha i gcrích agus straitéis na hInstitiúide curtha in iúl go soiléir, chuireamar fáilte roimh mhéadú ar an deontas i gcabhair bliantúil ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Léirigh an méadú sin dearcadh dearfach airí agus státseirbhísigh ar an ESRI. In 2023, lean clár Comhaltachta/Pátrúin réasúnta nua na hInstitiúide de bheith ag fás agus chuir sé le hairgeadas na hInstitiúide ar bhealach atá ag éirí níos suntasaí.

## 2.3 Cumarsáid

Déantar taighde na hInstitiúide a bhaineann le beartas a scaipeadh go gníomhach ag comhdhálacha agus ceardlanna, trí na meáin chumarsáide, ar na meáin shóisialta agus ar láithreán gréasáin an ESRI. Dhírigh gníomh straitéiseach amháin ar úsáid na meán sóisialta agus na teicneolaíochta a leathnú amach chun rannpháirtíocht a chothú, agus dhírigh ceann eile ar chur le líon na n-urlabhraithe atá ag an Institiúid sna meáin. Le linn thréimhse na straitéise, d'éirigh na meáin shóisialta níos tábhachtaí mar bhealach chun taighde a scaipeadh, imeachtaí a chur chun cinn agus dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal. Thar thréimhse na straitéise, tháinig méadú níos mó ná 500% ar líon na síntiúsóirí ar LinkedIn, agus tháinig méadú níos mó ná 75% ar líon na síntiúsóirí ar Twitter/X, agus bhí roinnt mhaith de thaighdeoirí na hInstitiúide gníomhach ar na meáin shóisialta. Ina theannta sin, ós rud é go raibh orainn tiontú ar sheimineáir ar líne i rith COVID, tá físeáin dár seoltaí agus dár n-aschur curtha ar fáil ar YouTube agus tá sé beartaithe níos mó úsáid a bhaint as ábhar físe sa tréimhse straitéise nua seo.

D'aithin an Institiúid an gá atá le líon níos leithne agus níos éagsúla urlabhraithe meáin a fhorbairt. Le linn thréimhse na straitéise, tháinig méadú ar an ngrúpa sin, agus bhí níos mó comhghleacaithe agus go háirithe níos mó comhghleacaithe ban le feiceáil go rialta sna meáin.

## 2.4 Acmhainní Daonna

Cé go ndíríonn an Institiúid go leanúnach ar bhaill foirne ardcháilithe, ardspreagtha a earcú agus a choinneáil, dhírigh dhá ghníomh straitéiseacha bhreise ar chultúr na hInstitiúide agus folláine na foirne a chothabháil le linn na paindéime COVID agus an t-aistriú go timpeallacht oibre cumaisc, agus ar aitheantas foirmiúil a fháil do dhul chun cinn agus do bheartais na hInstitiúide maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.

Aithníonn an fhoireann cultúr láidir comhghleacaíochta agus meantóireachta an ESRI agus tá meas acu air, agus táimid tiomanta é a chosaint. Chun an cultúr seo a choinneáil ar bun, chomh maith leis an ardleibhéal sástachta agus folláine i measc na foirne mar a léirítear le suirbhéanna rialta foirne, reáchtáladh comhdhálacha inmheánacha leathlae go rialta, áit ar tháinig an fhoireann ar fad le chéile. D'éirigh go maith leis sin chun caidreamh a choinneáil ar bun. Cuireadh béim athnuaite freisin ar chláir oiliúna agus ar sheimineáir i réimsí mar shampla bainistíocht struis agus bainistíocht i dtimpeallacht oibre hibrideach.

Agus aitheantas á thabhairt aige don tábhacht a bhaineann le comhionannas inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú (EDI), bhain an ESRI Gradam Cré-umha Athena Swan amach dá Phlean Gníomhaíochta EDI, 2023-2027. Gníomh amháin dá leithéid ab ea an tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní a fhoilsiú sula raibh ceanglas reachtúil ann chun é sin a dhéanamh. Léiríonn torthaí 2023 um an mBearna Phá idir na hInscní leibhéal ard comhionannais inscne, agus táimid tiomanta do scrúdú a dhéanamh ar phróisis, cultúir agus struchtúir a tháirgeann agus a chothaíonn neamhionannais i measc na n-inscní agus na bhforas comhionannais eile, agus do bheart a dhéanamh ina leith i gcás inarb infheidhme.

## 2.5 Próisis Ghnó

Lean an Foras ar aghaidh ag cloí leis na caighdeáin a theastaíonn ó eagraíochtaí san earnáil phoiblí maidir le rialachas agus comhlíonadh. Tá socruithe láidre rialachais mar threoir dár

gcleachtais bhainistíochta.

Cinntíonn an Institiúid go n-oibríonn sí go héifeachtach, go héifeachtúil agus go heiticiúil fad a bhaineann sí a cuspóirí straitéiseacha amach agus fad a comhlíonann sí na ceanglais rialála agus dlíthiúla, trína beartais agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm, agus trí róil agus freagrachtaí soiléire a bheith ann.

# 3. TAIGHDE IN 2023

Sa chuid seo den doiciméad tá forléargas ar ár ngníomhaíochtaí agus aschuir thaighde in 2023. Tá achoimre ar an taighde in 11 réimse taighde. Tá tuilleadh sonraí ar an taighde agus ar na taighdeoirí atá páirteach ann ar shuíomh gréasáin an ESRI (www.esri.ie).

## 1. Eolaíocht Iompraíochta

San **Aonad um Thaighde Iompraíochta (BRU)**, úsáidtear trialacha rialaithe sa tsaotharlann, ar líne agus allamuigh chun cinntí agus cineálacha iompraíochta a iniúchadh i réimsí éagsúla beartais. Tá an chuid is mó den obair a dhéanann an tAonad dírithe ar thorthaí comhshaoil, sláinte agus airgeadais.

Mhaoinigh **Údarás Rialála Cearrbhachais na hÉireann** an BRU chun rátaí de chearrbhachas fadhbach in Éirinn a thomhas. Rinne sé suirbhé gan ainm ar líne ar shampla náisiúnta ionadaíoch den daonra agus fuarthas amach go bhfuil rátaí de chearrbhachas fadhbach thart ar 10 n-uaire níos airde ná mar a léiríodh le staidéir roimhe seo a d'úsáid modhanna duine le duine. Comhthacaíodh leis na torthaí trí chaiteachas a chomhiomlánú chun comparáid a dhéanamh le figiúirí ioncaim an tionscail.

In obair a fuair maoiniú ón **Roinn Sláinte**, rinne an BRU suirbhé diagnóiseach trialach chun an méid a chreideann an pobal faoi mhurtall in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe a chur i gcomparáid leis an méid a chreideann saineolaithe. Fuair an staidéar difríochtaí móra idir an méid a chreideann an pobal agus an méid a chreideann saineolaithe, agus is lú an seans go n-aithneodh an pobal na tionchair atá ag an timpeallacht mhurtallaigineach ar mhurtall. Bhí tionchar ag an méid a chreidtear faoi mhurtall ar na beartais a cheap daoine a bheadh éifeachtach. Mar chuid den staidéar céanna, fuarthas amach i dtriail gur éirigh an méid a chreid an pobal agus saineolaithe níos gaire dá chéile trí fhaisnéis a thabhairt faoin ardú stairiúil a tháinig ar rátaí murtaill.

Rinne an BRU triail allamuigh arna mhaoiniú ag an **nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC)** chun a fháil amach an bhféadfadh cumarsáid a raibh iompraíocht mar bhonn eolais aici méadú a chur ar an líon teaghlach a dhéanann tástálacha radóin. Sa staidéar, seoladh leaganacha difriúla de litir chuig teaghlaigh i limistéir ina raibh baol ard ó thaobh nochtadh do radón de. Tháinig méadú 50 faoin gcéad ar an líon daoine a rinne tástáil radóin tar éis an leagan den litir a raibh iompraíocht mar bhonn eolais aici a fháil, i gcomparáid leis an litir chaighdeánach ó GCC. Is féidir na torthaí a úsáid mar bhonn eolais do chumarsáid sláinte poiblí le teaghlaigh agus chun léiriú a thabhairt ar an bpoitéinseal atá ag teicnící eolaíochta iompraíochta a úsáid chun cabhrú le rioscaí comhshaoil a mhaolú.

San áireamh san obair eile a rinne an BRU in 2023 bhí: imscrúdú a dhéanamh, don **tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála**, ar cé chomh maith agus a chuireann na hábhair scagthástála ceirbheacs daoine atá incháilithe le bheith rannpháirteach ar an eolas, agus ábhair bhreise a dhearadh chun cabhrú le daoine an córas scagthástála a thuiscint; staidéar leantach a dhearadh don **Roinn Sláinte** chun imscrúdú a dhéanamh ar na fáthanna a bhfuil difríochtaí sa mhéid a chreideann an pobal agus saineolaithe faoi mhurtall; staidéar diagnóiseach don **Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Mara** ar an méid a chreideann feirmeoirí agus a gcuid iompraíochta maidir le bithshlándáil; triail suirbhé don **Údarás Náisiúnta Míchumais** ar dhearcadh an phobail ar bheartas míchumais; uirlis a dhearadh agus a thástáil don **Roinn Airgeadais** chun daoine a spreagadh méadú a chur ar aistriú soláthraithe agus an margadh is fearr a chuardach maidir le táirgí airgeadais; trialacha don **Údarás Náisiúnta Iompair** a imscrúdaíonn cumarsáid faoi scéimeanna taistil ghníomhaigh; aip rialtáin teasa a thástáil i dtriail náisiúnta allamuigh i dtaighde arna mhaoiniú ag **Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann**; imscrúdú a dhéanamh ar an dearcadh atá ag an bpobal ar rioscaí comhshaoil, don **GCC**; agus triail a reáchtáil chun éifeachtaí an ghlas-snasaithe ar rogha na dtomhaltóirí a thástáil, don **EPA**.

## 2. Iomaíochas, Trádáil agus IDC

Díríonn taighde ESRI sa réimse seo go príomha ar chúinsí struchtúrtha agus micreacnamaíocha agus beartais atá mar bhonn faoi iomaíochas agus fás eacnamaíoch in Éirinn agus i dtíortha Eorpacha eile i gcomhthéacs a bhfuil comhtháthú eacnamaíoch idirnáisiúnta ann.

In 2023, pléadh na téamaí uileghabhálacha seo a leanas i dtaighde a rinneadh sa réimse sin: tarraingteacht i leith infheistíocht dhíreach eachtrach agus na héifeachtaí eacnamaíocha, sóisialta agus spásúla gaolmhara; iarmhairtí trádála an Bhreatimeachta, intleacht shaorga, teicneolaíochtaí digiteacha agus táirgiúlacht, digitiú agus inbhuanaitheacht i measc fiontar.

I dtaighde a fuair maoiniú ón **Roinn Airgeadais**, rinneadh iniúchadh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an ráta cánach corparáide íosta domhanda ar tharraingteacht na hÉireann don infheistíocht dhíreach eachtrach agus ar an ngeilleagar níos leithne. Nuair a chuirtear le chéile iad, tugann torthaí na hanailíse sin le tuiscint gur dócha go mbeadh éifeachtaí diúltacha ag an íosráta cánach corparáide domhanda ar phoist nua a thiocfadh as infheistíocht dhíreach eachtrach in Éirinn agus a bhainfeadh léi sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ach nach mbeadh siad rómhór. D'fhéadfaí tarraingteacht na hÉireann don infheistíocht dhíreach eachtrach a choinneáil ar bun agus a mhéadú trí fhachtóirí eile a mbíonn tionchar acu ar rogha suímh na hinfheistíochta dírí eachtraí, mar shampla infheistíocht phoiblí agus phríobháideach i T&F, foghlaim ar feadh an tsaoil do dhaoine fásta, infheistíocht i dtithíocht, agus rochtain ar leathanbhanda.

Fuarthas amach le taighde a fuair maoiniú ó **Chlár Fís Eorpach an Choimisiúin Eorpaigh**, maidir le gnólachtaí a rinne infheistíocht dhíreach eachtrach isteach agus cuideachtaí faoi úinéireacht eachtrach a bhfuil sciar ceannasach den mhargadh acu – sár-ghnólachtaí idirnáisiúnta – gur chuir siadsan, níos mó ná cúinsí eile, le méadú ar éagothroime pá idir gnólachtaí ar fud réigiúin na hEorpa. Meastar go bhféadfadh bearta beartais atá dírithe ar cur le seach-iarmhairtí ó shár-ghnólachtaí idirnáisiúnta atá thar a bheith nuálaíoch agus táirgiúil go dtí gnólachtaí intíre cuidiú le dáileadh ioncaim níos cothroime a bhaint amach ar fud gnólachtaí agus éifeachtaí neamhfhabhracha eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le méadú ar éagothroime ioncaim a mhaolú.

Mar chuid den chlár comhpháirteach taighde le **Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec)** ar an ngeilleagar uile-oileáin, rinneadh fiosrú mionsonraithe ar thrádáil earraí d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann. Sa taighde seo, scrúdaíodh na sreafaí leathana idirnáisiúnta don dá gheilleagar agus cuireadh struchtúr na trádála trasteorann ar oileán na hÉireann laistigh den chomhthéacs níos leithne sin.

Fuarthas amach le taighde chun tionchar an Bhreatimeachta ar thrádáil idir an RA agus an AE a thuiscint gur tháinig laghdú mór ar thrádáil ón RA go dtí an AE agus laghduithe a bhí suntasach ach níos lú ar thrádáil ón AE go dtí an RA i gcoibhneas le cás frithfhíorasach gan an Breatimeacht. Rinneadh scrúdú sa taighde ar an tionchar níos leithne ar onnmhairí domhanda na Ríochta Aontaithe, a d'fhás i bhfad níos moille ná onnmhairí an AE, agus ar an tábhacht a bhaineann le sosanna a chur san áireamh i dtomhas sreafaí trádála i gcomhthráth le himeacht na RA ó Mhargadh Aonair agus Aontas Custaim an AE.

Léirigh taighde ar Intleacht Shaorga (AI) agus táirgiúlacht gnólachtaí go raibh baint dheimhneach ag claonadh gnólachtaí glacadh le AI le méid an ghnólachta, a sciar den mhargadh tionscail agus teicneolaíochtaí digiteacha eile a bheith glactha acu. Tugann meastacháin le tuiscint go bhfuil baint dheimhneach ag úsáid a bhaint as IS agus ag déine na húsáide a bhaintear as IS le táirgiúlacht láidir níos mó ná i gcás ionchur caipitil eile. Cuireadh an taighde sin i láthair i mí na Samhna ag **Ceardlann an ECFE ar IS, Teicneolaíochtaí Digiteacha agus Torthaí Eacnamaíochta**.

Fuarthas amach le taighde a fuair maoiniú ón **gCoimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) agus ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide** go raibh baint ag digitiú le claonadh níos airde a bheith ag fiontair cleachtais inbhuanaitheachta a bhaineann le TFC a ghlacadh níos mó ná i gcás cúinsí eile, mar shampla méid an fhiontair, speisialtóirí TFC a fhostú, agus infheistiú i sócmhainní doláimhsithe. Thug torthaí eile le tuiscint gur dóichí go nglacfadh fiontair a úsáideann AI cleachtais inbhuanaitheachta a bhaineann le TFC. Cuireadh tús leis an taighde sin in 2023 agus táthar ag súil go

bhfoilseofar na torthaí in 2024.

## 3. Oideachas

I réimse taighde an ESRI a bhaineann leis an Oideachas, clúdaítear gach leibhéal den chóras oideachais in Éirinn: oideachas luath-óige, bunoideachas, meánoideachas, breisoideachas agus ardoideachas. Dhírigh taighde in 2023 ar bheartas agus ar sholáthar do dhaltaí agus mic léinn a bhfuil riachtanais bhreise acu, oideachas luathbhlianta, soghluaisteacht

mac léinn, éagothroime oideachais agus anailísí comparáideacha. Bhain an obair le taighde trasnáisiúnta chomh maith le staidéir a dhírigh ar an oideachas in Éirinn.

Tá baint lárnach ag taighdeoirí oideachais le raon staidéar comparáideach Eorpach, agus tá taighdeoir amháin ina Shaineolaí Náisiúnta Éireannach ag líonra Saineolaithe Neamhspleácha an **Choimisiúin Eorpaigh** ar Oideachas agus Oiliúint.

Tháinig deireadh leis an obair ar an staidéar PIONEERED, tionscadal arna mhaoiniú ag **Fís 2020** ar éagothroime oideachais ar fud na hEorpa, inar díríodh an taighde ar leithscaradh i scoileanna, anailís chomparáideach ar scáthoideachas, agus athbhreithniú ar bheartas.

Leanadh leis an obair ar an staidéar ESSPIN, staidéar a fuair maoiniú ó **Fhís Eorpach** agus a bhain le héagothroime shóisialta, eacnamaíoch agus spásúil san Aontas Eorpach sa chomhthéacs go bhfuil níos mó dúshláin dhomhanda ann.

Ar deireadh, cuireadh tús le hobair freisin ar EFFEct (Enhancing Efficiency and Effectiveness in Education/Éifeachtúlacht agus Éifeachtacht san Oideachas a Fheabhsú), staidéar ceithre bliana a fuair maoiniú ó **Fhís Eorpach**, a dhírigh ar cháilíocht an oideachais ar fud an AE a fheabhsú. Díreoidh taighdeoirí an ESRI ar dhul i ngleic le héagothroime i ngnóthachtáil oideachais agus ar ról na dteicneolaíochtaí digiteacha san oideachas.

Léirigh taighde comparáideach a rinneadh don **aonad Oileán Comhroinnte ag Roinn an Taoisigh** dúshláin bheartais chomhchosúla in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann maidir le hinacmhainneacht an tsoláthair luathbhlianta agus na coinníollacha fostaíochta do bhaill foirne. Bhí éagothroime shóisialta i dtorthaí cognaíocha agus soch-mhothúchánacha chomh coitianta céanna i measc leanaí óga sa dá dhlínse. Luaigh páipéar a bhí bunaithe ar thaighde ar Oileán Comhroinnte an ról atá ag roghnú oideachasúil maidir le leibhéil níos ísle de shoghluaisteacht oideachais ó ghlúin go glúin a tháirgeadh i dTuaisceart Éireann ná mar a dhéantar in Éirinn.

Léirigh staidéar eile a fuair maoiniú ón **Aonad Oileán Comhroinnte**, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair, an méid beag soghluaisteachta trasteorann atá ann do mhic léinn ardoideachais. Léiríodh sa staidéar go ndealraítear go bhfágann riachtanais iontrála mic léinn as Tuaisceart Éireann faoi mhíbhuntáiste, agus tugadh bonn fianaise le haghaidh athchóiriú reatha an phróisis. Rud eile a bhain leis an ardoideachas, léirigh páipéar bunaithe ar staidéar a rinneadh le modhanna measctha an tábhacht a bhaineann le tacaíocht ó mhaoirseoirí chun rannpháirtíocht na mac léinn idirnáisiúnta san oideachas iarchéime a spreagadh.

I leabhar faoi chonairí iarscoile i measc daoine óga de bhunadh imirceach, a foilsíodh i mí na Bealtaine, bailíodh obair scoláirí mór le rá idirnáisiúnta le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar thionchar na gcóras éagsúil oideachais ar nádúr na n-aistrithe chuig an ardoideachas agus chuig an margadh saothair. Leagadh béim sa leabhar ar an ngá atá le tíortha ósta beartais chuimsitheacha a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le héagothroime eitneach agus idirdhealú ina gcórais oideachais agus ina margaidh saothair, agus ag an am céanna a éascú d’inimircigh óga a gconairí iarscoile a leanúint agus tacú leo.

Cuireadh obair i gcrích don **Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta** ar staidéar mórscála faoi chonairí iarscoile i measc daoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Beidh na torthaí tábhachtach chun tionchar a imirt ar an soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu i scoileanna speisialta agus scoileanna príomhshrutha agus i ndiaidh na scoile go ginearálta.

Cuireadh obair i gcrích freisin ar staidéar ar mhodhanna measctha, do **Chomhchoiste na mBainisteoirí ar Mheánscoileanna Deonacha**, a d’fhéach ar an méid a chuireann na scoileanna ar fáil do dhaltaí agus don phobal i gcomhthéacsanna agus i suíomhanna éagsúla. Cuireadh tús le staidéar nua ar mhodhanna measctha do **Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla** a dhéanann athbhreithniú ar an gClár

Críochnaithe Scoile, a sholáthraíonn tacaíochtaí do leanaí agus daoine óga atá i mbaol éirí as an scoil.

## 4. Fuinneamh, Comhshaol agus Bonneagar

Tá taighde ar chúrsaí fuinnimh agus aeráide á mhaoiniú ag an **Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC)**, **an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, an Roinn Airgeadais, an Coimisiún um Rialáil Fóntas, BSL, Fís Eorpach, Líonraí Gáis Éireann, EirGrid, SSE Ireland, Energia, Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.**

Tá taighde a bhaineann leis an gcomhshaol á mhaoiniú ag an n**Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO) agus an Comhaontas Sláinte Aeráide (CHA)**. Tá taighde ar líonraí agus seirbhísí cumarsáide leictreonaí á mhaoiniú ag an **RCAC agus an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg).**

Lean an fhoireann taighde aeráide le forbairt theicniúil a dhéanamh ar a samhail anailíse, Comhshaol, Fuinneamh agus Geilleagar na hÉireann (I3E), chun breis anailíse ar bheartais aeráide a éascú. San áireamh san aschur taighde bhí measúnuithe ar an tionchar a bheadh ag deireadh a chur le fóirdheontais breosla iontaise, agus réamh-mheasadh laghdú ar astaíochtaí a bheadh ar chomhchéim leis an laghdú a shamhlaítear tríd an gcáin charbóin a bheith ag €100  faoi 2030. Leanadh le hobair a chuireann taca faoi réamh-mheastacháin ar astaíochtaí eacnamaíocha agus fuinnimh a thacaíonn le réamh-mheastacháin astaíochtaí na GCC a thuairiscíonn sí don AE agus do na NA araon.

Baineann taighde fuinnimh an ESRI le hábhair mar shampla éifeachtúlacht fuinnimh chónaithe, bochtaineacht fuinnimh agus margaí leictreachais. Áiríodh le taighde in 2023 imscrúdú ar impleachtaí scála an chórais fuinnimh maidir le hathrú go hidrigin, úsáid a bhaint as samhaltú slabhra soláthair, agus sainaithint na scálaí ama dóchúla maidir le hidrigin a imscaradh ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais de agus na n-idirghabhálacha beartais a bhaineann leis.

Bhí géarchéim an chostais mhaireachtála feiceálach in 2023. Scrúdaíodh gnéithe den bhochtaineacht breosla i roinnt staidéar, lena n-áirítear na héifeachtaí cothromais atá ag cineálacha éagsúla idirghabhálacha beartais maidir le hinacmhainneacht fuinnimh. Fuarthas amach le taighde a scrúdaigh bacainní ar athchóirithe éifeachtúlachta fuinnimh chónaithe go bhfuil baint lag ag litearthacht airgeadais le bochtaineacht breosla, agus méadracht éagsúil á húsáid.

Leanadh leis an obair ar chlár taighde **GCC** faoin eacnamaíocht chomhshaoil in 2023. Cuimsíodh 14 ábhar san eolaíocht iompraíochta, i gcúrsaí sláinte agus i gcúrsaí aeráide. Mar chuid den chlár, lean an ESRI ag soláthar fianaise don Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin, agus d'fhoilsigh roinnt páipéar a bhain le tástáil radóin, cumarsáid le sealbhóirí tí, agus bearta cosanta do thithe nua.

Léiríodh le taighde eile ó chlár na GCC, a eisíodh i mí Dheireadh Fómhair 2023, gur tháinig méadú suntasach ar fheasacht daoine ar thruailliú aeir mar thoradh ar rannpháirtíocht sa tionscadal eolaíochta saoránach Aer Glan le Chéile i mBaile Átha Cliath. Leanadh le tionscadal bunaithe ar éifeachtaí sláinte an athraithe aeráide in 2023, tionscadal a fuair maoiniú ón g**Comhaontas Sláinte Aeráide**. Scrúdaigh an clár taighde uisce, i gcomhar le **RTRÁO**, dearcthaí agus spreagthaí úinéirí tí maidir le córais cóireála fuíolluisce tí a chothabháil.

Le taighde sa chlár taighde um chumarsáid leictreonach, a fuair maoiniú ón **RCAC** agus **ComReg** , rinneadh scrúdú ar úsáid iomarcach an Idirlín ag ógánaigh; fuarthas amach gur fachtóir riosca ar leith é am a chaitheamh sa bhaile ina n-aonar ach gur fachtóir cosanta é cluichí nó spóirt a imirt go rialta in éineacht le tuismitheoirí.

Sa réimse taighde seo, reáchtáladh seacht gcomhdháil agus ceardlann phoiblí i rith 2023, ina measc fianaise a thabhairt do Choiste an Oireachtais um Fhormhaoirsiú Buiséid.

## 5. Sláinte agus Caighdeán na Beatha

In 2023, dhírigh taighde ar shláinte agus ar cháilíocht na beatha ar athchóiriú na seirbhíse sláinte agus ar shláinte phoiblí. I gcás an taighde ar athchóiriú na seirbhíse sláinte, díríodh ar riachtanais acmhainne sa chóras cúraim sláinte, ar athruithe agus ar dhúshláin don earnáil cúraim chónaithe fhadtéarmaigh ó thosaigh an phaindéim, agus ar cheisteanna a bhaineann le bacainní ar rochtain ar sheirbhísí. I gcás an taighde ar shláinte phoiblí, scrúdaíodh an tionchar a bhíonn ag coinníollacha comhshaoil ar shláinte agus folláine, ar athruithe ar mheabhairshláinte agus ar fholláine ó aois an pháiste go dtí aois duine óig fhásta, agus ar dheitéarmanaint maidir le sláinte ghnéis i measc daoine óga.

Le taighde a fuair maoiniú ón **Roinn Sláinte** a d'úsáid Samhail Hippocrates an ESRI agus a foilsíodh i mí Eanáir, scrúdaíodh na himpleachtaí costais a bheadh ag incháilitheacht do chúram dochtúra ghinearálta (GP) a leathnú amach.
Thug an anailís léiriú ar bhoinn tuisceana éagsúla maidir le fás an daonra agus aosú, rátaí glactha agus íocaíochtaí do dhochtúirí ginearálta, agus fuarthas amach go gcosnódh sé idir €381 mhilliún agus €881 mhilliún ar an Stát incháilitheacht do chúram dochtúra ghinearálta a leathnú amach chuig gach duine in 2026.

Foilsíodh páipéar i mí na Bealtaine, arna mhaoiniú tríd an **tionscnamh Comhoibritheach Taighde maidir le Cáilíocht agus Sábháilteacht Othar**, inar scrúdaíodh ráigeanna COVID-19 i suíomhanna cúraim chónaithe fhadtéarmaigh (LTRC). Fuarthas amach sa taighde gur bhris ráig COVID-19 amháin ar a laghad amach in dhá thrian de na suíomhanna LTRC go léir idir Márta 2020 agus Márta 2021. Sa tréimhse chéanna, deimhníodh os cionn 8,500 cás de COVID-19 agus d'éag 2,100 cónaitheoir in LTRC. Fuarthas amach gurbh é a bheith lonnaithe i gcontae ina raibh rátaí arda COVID-19 sa phobal ba mhó a bhain leis an dóchúlacht go dtarlódh ráig COVID-19.

I mí Iúil, foilsíodh páipéar ó chlár taighde na **GCC** maidir leis an tionchar ar shláinte daoine scothaosta de bharr rolladh amach na dtoirmeasc ar ghual toiteach ar fud na tíre. Agus úsáid á baint as sonraí ó Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú (TILDA), fuarthas amach leis an taighde go raibh sláinte riospráide níos fearr ag daoine a bhí ina gcónaí i gceantair atá clúdaithe ag na toirmisc ar ghual toitigh ná iad siúd a bhí ina gcónaí i gceantair nach bhfuil clúdaithe ag na toirmisc.

Leanadh leis an obair ar roinnt tionscadal in 2023, ina measc réamh-mheastacháin maidir le lucht saothair, sláinte ghnéis agus folláine in aois duine óig fhásta, le maoiniú ó **FSS**, agus .an tsamhail um Pleanáil Tithíochta agus Cúram sláinte.

I measc na dtionscadal nua a tosaíodh in 2023 bhí athbhreithniú ar acmhainneacht an chórais cúraim sláinte a fuair maoiniú ón **Roinn Sláinte,** agus tionscadal a fuair maoiniú ón m**Bord Taighde Sláinte** a scrúdaigh meabhairshláinte agus folláine ó aois an pháiste go dtí aois duine óig fhásta.

I rith na bliana, rinneadh cur i láthair do raon leathan comhdhálacha acadúla, páirtithe leasmhara agus lucht déanta beartas, lena n-áirítear Cumann Eacnamaíochta na hÉireann, an Grúpa Staidéir um an Eacnamaíocht Sláinte, an Society for Longitudinal and Life Course Studies, an Institiúid um Shláinte Phoiblí, an Roinn Sláinte agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

## 6. Margadh an tSaothair agus Scileanna

In 2023, rinneadh taighde ar raon éagsúil ábhar, as ar tháinig roinnt foilseachán nua-eisithe nó foilseachán críochnaithe. Sheol an fhoireann dhá thuarascáil, arna maoiniú ag an g**Coimisiún um Pá Íseal**, inar scrúdaíodh cáilíocht phoist íosphá agus forleithne rátaí pá faoi bhun an íosphá in Éirinn. Foilsíodh staidéar, arna mhaoiniú ag **Pobal**, inar scrúdaíodh an nasc idir tionchair COVID-19 ar an margadh saothair agus míbhuntáiste sóisialta. Chuir an fhoireann staidéar i gcrích le linn na bliana ina

ndearnadh iniúchadh ar an nasc idir díothacht ar leibhéal an limistéir agus tionchair COVID-19 ar an tsláinte, faoi chlár taighde arna mhaoiniú ag **Pobal**.

Chríochnaigh taighdeoirí tuarascáil agus treoir forfheidhmithe ghaolmhar, arna maoiniú ag an **Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail**, inar sainaithníodh na príomhtháscairí chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil leasa i gceantair thuaithe agus ar éifeachtacht idirghabhálacha beartais. Lean an fhoireann ar aghaidh le taighde ar shaincheisteanna Thuaidh/Theas agus rinne sí dul chun cinn ar staidéir inar scrúdaíodh oibrithe trasteorann agus difríochtaí i

rátaí neamhghníomhaíochta trasteorann, arna mhaoiniú faoi chomhchláir thaighde leis an **Roinn Airgeadais** agus le **Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec)** faoi seach.Ar deireadh in 2023, mar chuid de chlár taighde nua leis an **Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta**, rinne an fhoireann dul chun cinn ar staidéar faoi éileamh agus soláthar scileanna i réimsí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn in Éirinn.

Rinneadh dul chun cinn san obair ar thionscadail éagsúla arna maoiniú ag an Aontas Eorpach. Mar chuid dár gclár **CHAISE** arna mhaoiniú ag **ERASMUS+**, d'fhoilsigh taighdeoirí an tuarascáil inar cuireadh i láthair na réamhaisnéisí scileanna blocshlabhra 2023 don Eoraip. Leanadh le taighde ar an dífhostaíocht i measc na hóige san Eoraip faoi dhámhachtain Cowork4YOUTH, arna maoiniú ag an **LEE** agus ag **Ciste Deontas na hIorua**. In 2023, ghlac taighdeoirí páirt in dhá thairiscint rathúla a maoiníodh faoi ghlaonna **Fís 2023** ar ábhair neamhréireanna scileanna. Cuirfear tús le tionscadail taighde faoi na tionscadail **TRAILS** agus **SkillsPULSE** sa tréimhse 2024-2027, lena gcothófar comhoibriú le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Tá na tionscadail sin ag teacht lenár dtiomantas chun rannchuidiú le saincheisteanna ríthábhachtacha i bhforbairt scileanna agus i ndinimic mhargadh an tsaothair ar an leibhéal Eorpach.

**Buaicphointí 2023**

- Bhí tionchar ar leith ag an taighde a rinneadh don Choimisiún um Pá Íseal le linn 2023. Fuarthas amach sa staidéar ar cháilíocht post gur dócha go mbeidh níos mó eagla ar fhostaithe ar íosphá ná fostaithe ar phá níos airde go gcaillfidh siad a bpost, go mbeidh conarthaí fostaíochta sealadacha acu agus go n-oibreoidh siad uaireanta frithshóisialta. Fuarthas amach sa staidéar ar phá faoi bhun an íosphá go bhfuil forleithne íseal ag an bhfostaíocht ar phá faoi bhun an íosphá in Éirinn. In 2022, ní raibh ach 1.4 faoin gcéad de na fostaithe go léir ina bhfostaithe ar phá faoi bhun an íosphá; sa bhliain chéanna, bhí 5.6 faoin gcéad de na fostaithe ag tuilleamh an ráta iomlán den íosphá.

- Léirigh an staidéar ar thionchair COVID-19 agus míbhuntáiste sóisialta ar mhargadh an tsaothair go raibh tionchar níos mó ag coinníollacha glasála na paindéime ar staid fostaíochta daoine i gceantair dhíothacha (mar a thomhaistear ag Innéacs Díothachta HP) ná mar a bhí ar dhaoine as ceantair níos saibhre. Go sonrach, fuarthas amach gur tháinig méadú níos tapúla ar rátaí dífhostaíochta oibrithe i gceantair dhíothacha le linn na dtréimhsí den phaindéim ina raibh srianta níos airde ann. Os a choinne sin, tháinig laghdú níos tapúla ar na rátaí sin nuair a laghdaíodh na srianta. Léiríonn na torthaí go raibh níos mó leochaileachta ann d'oibrithe i gceantair dhíothacha, ar dóichí go gcaillfidís a bpost mar thoradh ar COVID-19 agus go raibh níos lú rogha acu freisin maidir le cén uair a bhfillfidís ar an margadh saothair nuair a thit rátaí ionfhabhtaithe, i gcomparáid le daoine as ceantair níos saibhre.

## 7. Maicreacnamaíocht

Tá sé mar aidhm ag rannán Maicreacnamaíochta an ESRI feabhas a chur ar an tuiscint ar fhás eacnamaíoch, ar an margadh réadmhaoine, agus ar an gcaidreamh idir an mhaicreacnamaíocht agus an earnáil airgeadais. Bhí tionchar mór ag na téamaí sin ar an gclár oibre taighde in 2023. I measc na réimsí fócais suntasacha bhí coigeartuithe ar bheartas airgeadaíochta, dinimic athraitheach sa mhargadh cíosa, tionchar leanúnach na coinbhleachta san Úcráin, agus scrúdú ar ghníomhaíochtaí infheistíochta agus trádála san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí araon.

In 2023, i dtaighde faoin gcomhchlár leis an **Roinn Airgeadais** agus leis na **Coimisinéirí Ioncaim**, scrúdaíodh saincheisteanna lenar áiríodh meastachán a dhéanamh ar thionchar féideartha meántéarmach an chogaidh san Úcráin ar gheilleagar na hÉireann, agus iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag roinnt cásanna d'ardú ar rátaí úis faoi bheartas an Bhainc Cheannais Eorpaigh ar gheilleagar na hÉireann.

Bhí an taighde a bhí mar chuid den chomhchlár le **Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec)** dírithe ar an ngeilleagar i dTuaisceart Éireann agus ar an ngeilleagar uile-oileáin. Tá samhail mhaicreacnamaíoch de Thuaisceart Éireann á forbairt i gcomhar leis an Institiúid Náisiúnta um Thaighde Eacnamaíochta

agus Sóisialta (NIESR) i Londain. Lena chois sin, tá taighde go dtí seo dírithe ar struchtúr na trádála idirnáisiúnta earraí i gcás na hÉireann agus Thuaisceart Éireann agus ar shaincheisteanna maidir le soláthar saothair ar an oileán.

In 2023, sa taighde faoin gcomhchlár le **Roinn an Taoisigh** ar na deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta a thiocfadh as comhoibriú méadaithe ar oileán comhroinnte, díríodh ar shoghluaisteacht mac léinn, inscne agus ionchuimsiú sa mhargadh saothair, dearcthaí sóisialta, agus soláthar tithíochta ar fud oileán na hÉireann.

Leanadh ar aghaidh leis an gcomhchlár taighde leis an **Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** in 2023 agus rinneadh é a athnuachan ar feadh trí bliana eile. In 2023, díríodh arís ar thionscadail ag croílár an taighde agus an bheartais. Go háirithe, foilsíodh taighde ina ndearnadh iniúchadh ar an gcaoi a gcuirtear na dúshláin maidir le hinacmhainneacht tithíochta atá os comhair na hÉireann i gcomparáid le teaghlaigh chomhchosúla i 14 thír eile san Eoraip. Thug an taighde fairsing sin léargais tras-tíre ar dhúshlán na hinacmhainneachta agus leis sin, bhíothas in ann staid na hÉireann a chur i gcomhthéacs Eorpach. Dhírigh obair eile ar na riachtanais infheistíochta le haghaidh uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh do réadmhaoin chónaithe phríobháideach ar cíos, agus cuireadh tús le tionscadail ar ligean gearrthéarmacha, ar phraghsanna talún cónaithe agus ar dheitéarmanaint maidir le húinéireacht tí.

Chuaigh an ESRI ar aghaidh leis an Innéacs Cíosa ráithiúil a chur ar fáil don **Bhord um Thionóntachtaí Cónaithe (BTC).** Úsáideann an BTC na hinnéacsanna mar chuid de na critéir cháilíochta le haghaidh Criosanna Brú Cíosa, agus mar sin tá luach beartais an-ard acu. Dhírigh obair in 2023 ar bhearta maidir le hInnéacs Cíosa um Thionóntachtaí Láithreacha a thabhairt isteach, a thugann léargas den chéad uair ar na leibhéil chíosa agus ar na hathruithe le himeacht ama a bhíonn roimh thionóntaí seilbhe, chomh maith leis na bearta Innéacs Cíosa um Thionóntachtaí Nua atá ann le fada an lá. Cuireann sé sin go mór leis an ábaltacht monatóireacht agus faireachas margaidh a dhéanamh ar an earnáil phríobháideach cíosa tríd is tríd. Mar chuid den phróiseas sin, foilsíodh tuarascáil mhionsonraithe ina ndearnadh iniúchadh ar na difríochtaí i gcíosanna idir tionóntachtaí láithreacha agus tionóntachtaí nua. Lean foireann an ESRI ar aghaidh ag foilsiú alt faoi shaincheisteanna rialaithe cíosa in irisí acadúla mar shampla an *International Journal of Housing Policy*.

San fhoilseachán an **Quarterly Economic Commentary** (QEC), tugtar anailís ar fhorbairtí eacnamaíocha le gairid i ngeilleagar na hÉireann chomh maith le tuartha gearrthéarmacha a bhaineann le táscairí tábhachtacha eacnamaíocha. In 2023, díríodh go leor airde ar an dégheilleagar agus ar an difríocht leanúnach san fheidhmíocht idir earnálacha an gheilleagair arbh iad gnólachtaí intíre ba mhó a bhí i gceannas orthu agus earnálacha ina raibh gnólachtaí ilnáisiúnta (MNEanna) chun tosaigh. Dhírigh an obair freisin ar tháscaire malartach don mhargadh saothair a fhorbairt do gheilleagar na hÉireann, an méid leapacha atá ar fáil i gcóras sláinte na hÉireann, anailís ar an airgeadas poiblí, agus mionchoigeartú leanúnach ar an modheolaíocht Nowcasting.

## 8. Imirce, Lánpháirtíocht agus Déimeagrafaíocht

Díríonn an taighde sa réimse seo ar lánpháirtiú imirceach, chomh maith le treochtaí agus beartas imirce. In 2023, rinneadh scrúdú leis an taighde ar théamaí a bhaineann leis an margadh saothair, lena n-áirítear pá agus coinníollacha oibre náisiúnach nach Éireannaigh iad agus iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a lánpháirtiú sa mhargadh saothair.

**Buaicphointí agus torthaí 2023**

Is é an ESRI pointe teagmhála náisiúnta na hÉireann i nGréasán Imirce na hEorpa, á mhaoiniú

ag an **gCoimisiún Eorpach** agus **an Roinn Dlí agus Cirt.** I mí an Mhárta, scrúdaigh taighde Ghréasán Imirce na hEorpa lánpháirtiú iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa mhargadh saothair agus fuarthas amach gur glacadh go forleathan le ceadanna, agus go raibh rátaí arda ceadaithe ann, ó bronnadh rochtain ar iarratasóirí den chéad uair in 2018. Léiríonn na sonraí atá ar fáil, áfach, go dtéann an chuid is mó d’iarratasóirí isteach i bpoist lena mbaineann pá íseal agus coinníollacha oibre nach bhfuil chomh maith sin.

Foilsíodh an Tuarascáil Faireacháin dhébhliantúil ar Lánpháirtiú i mí an Mhárta faoi chlár taighde an ESRI/na **Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**. Cuireann sé raon leathan táscairí i láthair. I measc na bpríomhthorthaí, léirigh sé feabhsuithe ar eispéireas na n-imirceach sa mhargadh saothair, rud a raibh tionchar ollmhór ag srianta a bhain le COVID-19 air. Faoi thús 2022, bhí an ráta fostaíochta i measc imirceach (77 faoin gcéad) níos airde ná ráta na ndaoine a rugadh in Éirinn (72 faoin gcéad) agus níos airde ná an ráta fostaíochta i measc imirceach a bhí ann díreach roimh an bpaindéim. Bhí feabhsuithe suntasacha ann go háirithe i measc imircigh ón Afraic, a bhfuil míbhuntáistí sa mhargadh saothair acu le fada an lá. Bhí ráta 'i mbaol bochtaineachta' níos airde ag imircigh (17 faoin gcéad) ná daoine a rugadh in Éirinn (12 faoin gcéad) agus bhí níos mó saincheisteanna le sárú acu maidir le hinacmhainneacht tithíochta; Chaith 29 faoin gcéad de na himircigh níos mó ná 30 faoin gcéad dá n-ioncam ar thithíocht i gcomparáid le 8 faoin gcéad de dhaoine a rugadh in Éirinn.

Foilsíodh staidéar eile ón gclár taighde sin ag deireadh mhí Eanáir, inar scrúdaíodh pá agus coinníollacha oibre i measc imirceach in Éirinn. Baineadh úsáid as sonraí ón Suirbhé ar an bhFórsa Saothair sa staidéar, arna meaitseáil le sonraí ar thuilleamh ó na Coimisinéirí Ioncaim. Ba iad na príomhthorthaí ná bearna mhór phá d'imircigh, go háirithe i gcás imircigh as Oirthear na hEorpa, a thuilleann 40 faoin gcéad níos lú in aghaidh na huaire ná a gcomhghleacaithe as Éirinn. Gearrtar pionós dúbailte ar imircigh ban maidir le pá, cé go bhfuarthas amach sa staidéar gur tháinig laghdú ar an bpionós maidir le pá na n-imirceach idir tréimhse an chúlaithe eacnamaíochta (2011-2013) agus tréimhse an téarnaimh (2016-2018).

Foilsíodh staidéar comhoibríoch leis an **Aonad Oileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh** ina ndearnadh comparáid idir lánpháirtiú i measc na n-imirceach i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Léirigh an staidéar go raibh céatadán níos airde imirceach in Éirinn ná i dTuaisceart Éireann, agus rátaí fostaíochta an-ard i measc na n-imirceach sa dá dhlínse. In 2018, bhí dearcthaí i leith imirceach níos fabhraí in Éirinn ná i dTuaisceart Éireann. Ag ócáid chomhairliúcháin le heagraíochtaí d'imircigh thuaidh agus theas, léiríodh na dúshláin atá ann d'imircigh i dtéarmaí taistil trasteorann, oibre agus staidéir, go háirithe tar éis an Bhreatimeachta.

I rith na bliana, sheol an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) comhairliúchán poiblí mar bhonn eolais d'fhorbairt straitéise náisiúnta nua maidir le lánpháirtiú imirceach. Leag aighneachtaí an ESRI béim ar an tábhacht a bhaineann le faireachán agus fianaise araon mar chuid lárnach d'aon straitéis amach anseo, chomh maith le himpleachtaí tábhachtacha beartais a d'eascair as an tsraith Tuarascáil Faireacháin ar Lánpháirtiú go dtí seo: an gá atá le feabhas a chur ar aitheantas do cháilíochtaí, rannpháirtíocht cuardaitheoirí post, beartais gníomhachtaithe sa mhargadh saothair a bheadh feiliúnach do riachtanais na n-imirceach, agus machnamh a dhéanamh ar thacaíochtaí lánpháirtithe spriocdhírithe do dhídeanaithe agus iarratasóirí ar chosaint.

Choimisiúnaigh an **Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Imeasctha agus Óige** an ESRI chun treoirthionscadal a thabhairt chun críche chun bonn eolais a chur faoi dhearadh staidéar mórscála ar an bhfáth a dtagann daoine go hÉirinn chun cosaint idirnáisiúnta a lorg. Cruthaíodh prótacal chun taighde a dhearadh, ina raibh moltaí maidir leis an mbealach is fearr le taighde cáilíochtúil eiticiúil a dhéanamh ar an ábhar seo.

Cuireadh tús freisin le hobair faoin gclár taighde ar lánpháirtiú, inar fiosraíodh cad a spreagann dearcthaí an daonra in Éirinn i leith inimirceach, iarratasóirí ar chosaint agus daoine as an Úcráin, agus conas a d'athraigh siad sin le himeacht ama. Foilseofar an dá thuarascáil sin in 2024.

Ní ghlacann Éire páirt i reachtaíocht áirithe a bhaineann le himirce agus le tearmann ach amháin má thugann sí fógra don AE go bhfuil sé ar intinn aici déanamh amhlaidh. I mí na Nollag, d'fhoilsigh

Gréasán Imirce na hEorpa, Éireann treoir mearthagartha ar líne maidir le rannpháirtíocht na hÉireann i reachtaíocht imirce agus tearmainn an AE.

I mí an Mheithimh 2023, rinne taighdeoirí an ESRI eagarthóireacht ar leabhar faoi bhealaí iarscoile do dhaoine óga san Eoraip de bhunadh imirceach. Sa leabhar, tá bailiúchán saothar ó scoláirí idirnáisiúnta mór le rá, agus tugtar clúdach cuimsitheach ar dhlínsí éagsúla san Eoraip. Seoladh an leabhar ag imeacht an ESRI ar an láthair i mí na Nollag, le príomh-aitheasc ón Ollamh Irena Kogan ó Ollscoil Mannheim.

Ag comhdháil bhliantúil an Líonra Idirnáisiúnta um Thaighde ar Imirce (IMISCOE) i Vársá i mí Iúil, chuir taighdeoirí an ESRI staidéar i láthair ar bhearta chun idirdhealú ciníoch a chomhrac. Cuireadh an staidéar sin le chéile chun mar threoir don *Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in Aghaidh an Chiníochais*. Cuireadh taighde leanúnach ar ghnóthachtáil acadúil leanaí bunscoile de thionscnamh imirceach, ag tarraingt ar chohórt Ag Fás Aníos in Éirinn (GUI) '08, i láthair ag an gcomhdháil imirce seo i Vársá agus ag comhdháil bhliantúil an Chuibhreannais Eorpaigh um Thaighde Socheolaíochta (ECSR) i Prág i mí Mheán Fómhair freisin.

## 9. Ionchuimsiú Sóisialta agus Comhionannas

I dtaighde a bhaineann leis an ionchuimsiú sóisialta agus comhionannas, déantar iniúchadh ar chúinsí a imríonn tionchar ar theacht a bheith ag daoine ar na hacmhainní ábhartha agus eile a theastaíonn chun páirt a ghlacadh i saol eacnamaíoch agus sóisialta agus ar na próisis a chuireann daoine i dtreo na héagothroime ó thaobh deiseanna agus torthaí de. Rinne taighdeoirí iniúchadh ar réimse leathan topaicí in 2023, lena n-áirítear an bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta, tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus dearcthaí faoin míchumas, cothroime/éagothroime i gcás gnóthachtáil leanaí agus a bhfolláine, cúram agus oideachas luath-óige, agus cothromaíocht inscne san earnáil airgeadais.

**Buaicphointí agus torthaí 2023**

I mí Feabhra, fuair staidéar arna mhaoiniú ag an **Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige** , cé go bhfuil an chuid is mó de leanaí ina gcónaí i dtithíocht mhaith, go mbíonn drochthionchar buan orthu siúd a chónaíonn i gcoinníollacha nach bhfuil chomh maith sin. Tuairiscíonn siad méadú ar dheacrachtaí sóisialta agus mothúchánacha, níos lú idirghníomhaíochtaí dearfacha le piaraí, agus torthaí diúltacha maidir le folláine choirp, go háirithe fadhbanna riospráide níos airde mar gheall ar thaise agus teas neamhleor.

I staidéar arna mhaoiniú ag an **Údarás Náisiúnta Míchumais**, a eisíodh i mí Dheireadh Fómhair, rinneadh imscrúdú ar Sheirbhísí Cúnaimh Phearsanta do Dhaoine faoi Mhíchumas in Éirinn. Leag an taighde béim ar dhúshláin leanúnacha sa chóras Cúnaimh Phearsanta, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le maoiniú neamhleor, taifid sonraí riaracháin neamhiomlána, éagsúlachtaí i leithdháileadh, agus soláthar seirbhísí míchothrom ar fud na tíre.

I mí na Samhna, sholáthair tuarascáil arna maoiniú ag an **Roinn Coimirce Sóisialaí** athbhreithniú cuimsitheach ar dhul chun cinn spriocanna an Rialtais do 2025 maidir le hionchuimsiú sóisialta. Fuarthas amach sa taighde go raibh Éire ag feidhmiú go measartha maith ar tháscairí do dhaoine scothaosta agus do leanaí ach nach raibh an fheidhmíocht chomh maith sin i gcás daoine faoi mhíchumas agus tuismitheoirí aonair, rud a léirigh an gá atá le tacaíocht bhreise do na grúpaí sin.

Rinneadh anailís i gcomh-staidéar leis an **Aonad Oileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh**, a foilsíodh i mí na Samhna, ar dhearcthaí sóisialta agus polaitiúla ar fud oileán na hÉireann ó 1998 i leith. Scrúdaíodh muinín as institiúidí agus daoine, dearcthaí i leith éagothroime, agus tuairimí polaitiúla, lena n-áirítear sástacht leis an daonlathas, guth polaitiúil agus ionchais don todhchaí. Tríd is tríd, fuarthas amach go raibh sásamh le daonlathas, muinín as institiúidí polaitiúla, breithiúnacha agus na meán, agus braistint go mbíonn tionchar ag an bpolaitíocht níos airde go ginearálta in Éirinn ná i dTuaisceart Éireann.

I mí an Mhárta, thug taighdeoirí an ESRI an príomh-aitheasc ag ócáid ar 'Earnáil Phoiblí Uilechuimsitheach agus Éagsúil a Thógáil', a d'eagraigh publicjobs.ie agus ar fhreastail grúpa leathan oibrithe san earnáil phoiblí air. Thug an cur i láthair achoimre ar staidreamh scóipe do publicjobs.ie a rinneadh in 2022, a rinne anailís ar shonraí publicjobs.ie ó 2019 go 2021 chun imscrúdú a dhéanamh ar chomhionannas agus éagsúlacht in earcaíocht san earnáil phoiblí in

Éirinn.

Tháinig taighdeoirí an ESRI os comhair **Coiste Oireachtais** ar thacaíochtaí cúnaimh phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas i mí an Mhárta 2023. Phléigh siad a staidéar ar thacaíochtaí cúnaimh phearsanta in Éirinn agus eispéiris daoine faoi mhíchumas agus iad ag idirbheartaíocht agus ag plé leis na seirbhísí sin.

I mí an Mheithimh, mhaoinigh **Cónaidhm Baincéireachta & Íocaíochtaí Éireann, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (Ibec), Insurance Ireland, agus Irish Funds** an chéad tuarascáil bhliantúil ar Chairt na mBan san Earnáil Airgeadais. Is tionscnamh í an chairt a fhéachann le feabhas a chur ar ionadaíocht na mban i ngnólachtaí seirbhísí airgeadais atá ag feidhmiú in Éirinn.

I mí Mheán Fómhair, rinne taighdeoirí cur i láthair dar teideal 'Housing, Health and Happiness' ag comhdháil an Chuibhreannais Eorpaigh um Thaighde Socheolaíochta (ECSR) i bPrág, ag tarraingt ar obair ón **Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**.

Cuireadh tús freisin le hobair ar chlár taighde do **Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas**. Tá tionscadal amháin ag fiosrú tionchar na paindéime COVID-19 ar an gcomhionannas i margadh saothair na hÉireann. Tá tionscadal eile dírithe ar mheastacháin maidir le bochtaineacht a choigeartú do chostas an mhíchumais. Foilseofar an dá tuarascáil in 2024.

## 10. Cáin, Leas agus Pinsin

Déantar scrúdú sa réimse taighde seo ar dhearadh an chórais cánach, leasa agus pinsean. Tá béim ar thionchar an chórais ar athdháileadh, bochtaineacht, éagothroime agus dreasachtaí chun oibre. Úsáideann cuid mhór den obair seo SWITCH, samhail an ESRI le haghaidh cánach agus leasa, chun tionchar na leasuithe ar theaghlaigh a ionsamhlú. Tá gach ceann de na haschuir a luaitear thíos mar chuid den chlár oibre Cáin, Leas agus Pinsin. Faigheann an clár maoiniú ón Roinn **Coimirce Sóisialaí,** ón **Roinn Sláinte,** ón **Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige**, agus ón **Roinn Airgeadais**, chomh maith leis an deontas-i-gcabhair atá á chur ar fáil ag an **Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe**.

Chuir an fhoireann trí phíosa oibre nua i láthair ag an gcomhdháil Budget Perspectives i mí an Mheithimh, comhdháil a d'eagraigh an fhoireann. Sa chéad cheann, scrúdaíodh an costas agus na tionchair dáileacháin a d'fhéadfadh a bheith ag fóirdheontais na Scéime Náisiúnta um Chúram Leanaí a leathnú amach chuig feighlithe leanaí. I bhfianaise mholadh an Choimisiúin um Chánachas agus Leas go gcuirfí deireadh le gach 'éifeacht aille' – pointí ina dtagann ardú géar ar chánacha nó ar theidlíochtaí sochair – d'fhéach an dara páipéar ar ghnéithe den sórt sin i gcóras sochair cánach na hÉireann. Bhreathnaigh an tríú páipéar ar thionacht tithíochta, agus ar an gclúdach sláinte agus cúraim sláinte phoiblí in Éirinn. Chuala an chomhdháil aitheasc ó Phríomheacnamaí na Roinne Airgeadais John McCarthy agus cur i láthair ar chórais tacaíochta íosioncaim san Eoraip ag an Ollamh Werner Eichhorst ón Institiúid um Staidéar Saothair (IZA).

I gcaibidil de leabhar a foilsíodh i mí Lúnasa, scrúdaíodh an ról atá ag micreashamhlú chun cúiseanna na héagothroime a thuiscint. D'fhoilsigh an fhoireann ailt éagsúla i rith na bliana in irisí piarmheasúnaithe freisin. Sa chéad cheann, tugadh mionsonraí faoin tsamhail SWITCH, faoin gcaoi a n-oibríonn sí agus faoin gcaoi a ndéantar an tsamhail a bhailíochtú. Scrúdaigh ceann eile a mhéid a dhúnann córais sochair cánach bearnaí inscne sa mhargadh ioncaim. Bhreathnaigh páipéar amháin ar an nasc idir muinín shóisialta agus tacaíocht do bhuniomcam uilíoch. Foilsíodh páipéar oibre freisin inar scrúdaíodh an easpa glactha den tacaíocht do theaghlaigh atá i bhfostaíocht, an Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht.

I mí Mheán Fómhair foilsíodh an tríú tuarascáil bhliantúil 'Bochtaineacht, Éagothroime Ioncaim agus Caighdeáin Maireachtála in Éirinn', arna maoiniú ag **Community Foundation Ireland**. Leis an obair seo, leantar de bheith ag féachaint ar theacht chun cinn an fháis ar ioncam, éagothroime, bochtaineacht agus díothacht le himeacht ama in Éirinn. Scrúdaíodh roghanna chun bochtaineacht leanaí in Éirinn a laghdú san obair seo freisin.

Thionóil an fhoireann an seisiún faisnéise bliantúil iar-Bhuiséid i mí Dheireadh Fómhair, inar scrúdaíodh an tionchar dáilte a bheadh ag athruithe ar bheartas cánach agus leasa a fógraíodh mar chuid de Bhuiséad 2024. Léirigh an obair sin, cé nach raibh na bearta buana sochair cánach i gcomhréir leis an mboilsciú réasúnta mór, gur áirithíodh leis na bearta aonuaire a tugadh isteach mar fhreagairt ar an ngéarchéim leanúnach maidir le costais mhaireachtála cosaint shuntasach

d'ioncaim, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal. Agus boilsciú á chur san áireamh, fuarthas amach go raibh formhór na dteaghlach beagán níos fearr as tar éis na mbeart aonuaire, cé is moite de chaillteanais ioncaim bheaga do thuismitheoirí aonair, pinsinéirí agus teaghlaigh nach bhfuil ag tuilleamh. Foilsíodh an obair sin ar bhealach níos mionsonraithe i mí na Nollag mar alt speisialta i *Quarterly Economic Commentary* an ESRI.

Lean obair na foirne cánach, leasa agus pinsin ag díriú go mór ar bheartas. Leanadh den tsamhail SWITCH a úsáid i ranna rialtais éagsúla chun cur le cinntí beartais agus le hanailís roimh an mbuiséad agus ina dhiaidh. Rinne baill den fhoireann aighneacht do chomhairliúchán poiblí na Roinne Coimirce Sóisialaí maidir le Sochar Cuardaitheora Poist a bhaineann le pá a thabhairt isteach. Bhí baill den fhoireann i láthair ag coistí Oireachtais éagsúla i rith na bliana freisin, ag tabhairt fianaise ar ábhair mar shampla an staid bhuiséadach, clárú uathoibríoch do phinsin, tionchair dáileacháin Bhuiséad 2024, aillte sa chóras cánach/leasa, agus moltaí ón gCoimisiún um Chánachas agus Leas.

Ar deireadh, i mí Feabhra, fógraíodh gur bhuaigh tuarascáil an Choimisiúin um Chánachas agus Leas, a raibh duine den fhoireann ina bhall de, Duais Miriam Hederman O'Brien, a thugann aitheantas dóibh siúd a gcuidíonn a gcuid oibre le plé eolasach ar shaincheisteanna lárnacha fioscacha, eacnamaíocha agus beartais shóisialta in Éirinn. Bhí foilseachán foirne eile, inar scrúdaíodh maoiniú tacaíochta tí in Éirinn, ar cheann de na hiomaitheoirí deiridh ar an duais.

# 4. COMHORDAITHEOIRÍ AR RÉIMSÍ TAIGHDE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2023

- **Eolaíocht Iompraíochta**: An tOllamh Pete Lunn



- **Iomaíochas, Trádáil agus IDC**: An tOllamh Iulia Siedschlag



- **Oideachas:** An tOllamh Selina McCoy agus an tOllamh Emer Smyth




- **Fuinneamh, Comhshaol agus Bonneagar**: An Dr Niall Farrell, an Dr Muireann Á Lynch, an tOllamh Anne Nolan





- **Sláinte agus Caighdeán na Beatha**: An Dr Sheelah Connolly agus an tOllamh Anne Nolan




- **Margaí Saothair agus Scileanna**: An tOllamh Seamus McGuinness



- **Maicreacnamaíocht:** An tOllamh Adele Bergin, an tOllamh Martina Lawless agus an tOllamh Kieran McQuinn





- **Imirce, Lánpháirtiú agus Déimeagrafaíocht**: An tOllamh Frances McGinnity agus an Dr Emma Quinn




- **Ionchuimsiú Sóisialta agus Comhionannas**: An tOllamh Frances McGinnity agus Bertrand Maître




- **Cánachas, Leas agus Pinsin**: An tOllamh Claire Keane agus an Dr Karina Doorley




## 5. BAILL FOIRNE AN 31 NOLLAIG 2023

| **STIÚRTHÓIREACHT** | | |
|---|---|---|
| Alan Barrett | | |
| **ANAILÍS EACNAMAÍOCH** | **SOCIAL RESEARCH** | **ACMHAINNÍ CORPARÁIDEACHA** |
| Marta Alvaro-Taus | Anousheh Alamir | Eleanor Bannerton (Bainisteoir Oibríochtaí agus Straitéise) |
| Adele Bergin | Ylva Andersson | Claire Buckley (Bainisteoir, Acmhainní Daonna) |
| Luke Brosnan | Aoife Brick | Sarah Burns |
| Klavs Ciprikis | Sheelah Connolly | Bernice Clancy |
| John Curtis (Ceann na Rannóige) | Ciara Dalton | Liz Coyle |
| Kelly de Bruin | Merike Darmody | Stephen Cunningham |
| Çağaçan Değer | Karina Doorley | Lliana D'Emidio |
| Seraphim Dempsey | Luke Duggan | Jennifer Downey |
| Kate Devane | Michele Gubello | Julianne Flynn |
| Anne Devlin | Garance Hingre | David Gorman (Bainisteoir Gníomhach TF) |
| Juan David Duran Vanegas | Aislinn Hoy | Adrienne Jinks |
| Paul Egan | Harry Humes | Claudine Keegan |
| Andrés Estevez | Theano Kakoulidou | Francis McEvoy |
| Kirsten Everett | Claire Keane | Josh Nevin |
| Niall Farrell | Aislin Lavin | Clare O'Neill (Bainisteoir TF) |
| Tensay Hadush Meles | Pete Lunn | Charles O'Regan (Ceann Airgeadais) |
| Lea Hauser | Bertrand Maître | Fiona O'Sullivan |
| Pranav Kakkar | Lucie Martin | Fiona Owens |
| Elish Kelly | Selina McCoy | Fionnuala Quinn |
| Lorcan Kelly | Fran McGinnity | |
| Janez Kren | Ellen McHugh | |

| | | |
|---|---|---|
| Akhilesh Kumar Verma | Keire Murphy | Stephen Sammon |

| | | |
|---|---|---|
| Clement Kweku Kyei<br><br>Martina Lawless<br><br>Muireann Lynch<br><br>Samuel McArdle<br><br>Seamus McGuinness<br><br>Kieran McQuinn<br><br>Gretta Mohan<br><br>Conor O'Toole<br><br>Paul Redmond<br><br>Iulia Siedschlag<br><br>Rachel Slaymaker<br><br>Elisa Staffa<br><br>Miguel Angel Tovar Reaños<br><br>Anita Vollmer<br><br>Adele Whelan<br><br>Aykut Mert Yakut | Anne Nolan<br><br>Diarmaid Ó<br><br>Ceallaigh Olga<br><br>Poluektova Dervla<br><br>Potter<br><br>Emma Quinn<br><br>Deirdre Robertson<br><br>Helen Russell (Head of Division)<br><br>Simona Sandorova<br><br>Anne Sheridan<br><br>Agathe Simon<br><br>Emer Smyth<br><br>Amy Stapleton<br><br>Shane Timmons<br><br>Dora Tuda<br><br>Michael Vallely<br><br>Brendan Walsh<br><br>Keyu Ye | LeAnnie Wilson |

## 6. COMHAIRLE AN ESRI - EOLAS BEATHAISNÉISE

**Sean O'Driscoll,** Uachtarán agus Cathaoirleach, ESRI

Ceapadh an tUas. Sean O'Driscoll ina Uachtarán agus ina Chathaoirleach ar an ESRI an 27 Bealtaine 2020. Tháinig sé isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra in 2017. Is Cathaoirleach é ar Údarás Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, iar-Chathaoirleach agus iar-Phríomhfheidhmeannach ar Ghrúpa Glen Dimplex é, iar-Chomhpháirtí in KPMG, agus comhalta den Choimisiún Tríthaobhach agus de Bhord Seachadta an chláir Éire 2040. Iar-Stiúrthóir é ar Bhainc-Aontas Éireann, ar an gComhairle Náisiúnta Iomaíochais in Éirinn agus ar ghrúpaí comhairleacha eile a cheap an rialtas. Bronnadh OBE agus gradam Légion d'Honneur ar an Uasal O'Driscoll.

**Alan Barrett,** Stiúrthóir, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

Tháinig an tOllamh Alan Barrett isteach san ESRI sa bhliain 1994. Ceapadh é mar Stiúrthóir ar an Institiúid in Iúil 2015, agus chuaigh sé isteach sa Chomhairle ansin. Agus é ag obair leis an Institiúid, tugadh ar iasacht é don Roinn Airgeadais (2001-2003) agus do Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú (TILDA) i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (2011–2013). Bhí sé ina chomhalta ar an gcéad Chomhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann ó 2011 go 2015. Tá sé ina chomhalta d'Acadamh Ríoga na hÉireann, Comhalta Taighde é in IZA (Institiúid don Eacnamaíocht Oibre) in Bonn, sa Ghearmáin, agus Comhalta Oinigh de Chumann na nAchtúirí in Éirinn is ea é. Tá sé ina chomhalta (ex officio) den Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide fosta.

**Shay Cody,** Iar-Ard-Rúnaí, Fórsa

Tháinig an tUas. Shay Cody isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra 2023. Bhí sé ina Ard-Rúnaí ar Fhórsa, an dara Ceardchumann is mó in Éirinn. D'fhóin sé ar Choiste Feidhmiúcháin Fheidhmeannas Chomhdháil na gCeardchumann agus ar a Coiste Cuspóirí Ginearálta. Mar Chathaoirleach ar Choiste Seirbhísí Poiblí an ICTU, bhí sé ina phríomh-idirbheartaí i roinnt babhtaí de chainteanna faoin tseirbhís phoiblí. D'fhóin sé mar chomhalta den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialach agus den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais, agus bhí sé ina chomhalta ar Bhord an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Tá sé ina chomhalta de Choimisiún an Bhainc Ceannais faoi láthair.

**Katy Hayward**, Ollamh le Socheolaíocht Pholaitiúil, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste

Tháinig an tOllamh Katy Hayward isteach ar Chomhairle an ESRI i Meán Fómhair 2021. Tá Ollúnacht aici i Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta, an Oideachais agus na hOibre Sóisialta in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste, áit a bhfuil sí ina Comhalta in Institiúid an tSeanadóra George J. Mitchell agus ina Comh-Stiúrthóir ar an Lárionad um Thaighde ar Theorainneacha Idirnáisiúnta. Is comhalta í Katy d'Acadamh Ríoga na hÉireann agus tá sí ina Comhalta d'Acadamh na nEolaíochtaí Sóisialta.

**Thia Hennessy,** Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Tháinig an tOllamh Thia Hennessy isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra 2023. Tá sí ina Ceann Scoile, ina Ceann ar an Roinn Gnó agus Forbartha Bia, agus ina Cathaoirleach ar Eacnamaíocht Agraibhia i Scoil Ghnó Ollscoil Chorcaí. Is comhalta boird í freisin ar Fhoras Bainistíochta na hÉireann agus Teagasc. I measc na n-ábhar spéise sa taighde atá aici tá forbairt inbhuanaithe na hearnála agraibhia agus tá spéis ar leith aici i dtionchar an bheartais phoiblí ar an earnáil feirme. Sula ndeachaigh sé isteach i UCC i

mí Mheán Fómhair 2016, bhí an tOllamh Hennessy fostaithe ag Teagasc, áit a ndearna sí bainistíocht ar an gclár taighde eacnamaíoch talmhaíochta agus comhshaoil.

**Brigid Laffan,** Ollamh Emeritus, an Institiúid Ollscoile Eorpach

Tháinig an tOllamh Brigid Laffan isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Feabhra 2023. Is Ollamh Emeritus í san Institiúid Ollscoile Eorpach. Bhí sí ina Stiúrthóir agus ina hOllamh ar Ionad Ard-Léinn Robert Schuman agus ina Stiúrthóir ar an gClár Rialachais Dhomhanda agus ar an gClár um Rialachas agus Polaitíocht Eorpach ag an Institiúid Ollscoile Eorpach (EUI), Flórans go dtí go ndeachaigh sí ar scor i mí Lúnasa 2021. Roimhe sin, bhí sí ina hOllamh le Polaitíocht na hEorpa i Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta (SPIRe), sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD), ina Leas-Uachtarán ar UCD agus ina Príomhoide ar Choláiste na nEolaíochtaí Daonna ó 2004 go 2011.

**Sandra McNally,** Ollamh le hEacnamaíocht, Ollscoil Surrey

Tháinig an tOllamh Sandra McNally isteach ar Chomhairle an ESRI i Meán Fómhair 2021. Is Ollamh le hEacnamaíocht í in Ollscoil Surrey agus tá sí ina Stiúrthóir ar an Lárionad um Thaighde Gairmoideachais i Scoil na hEacnamaíochta, Londan.

**Gabriel Makhlouf**, Gobharnóir, Banc Ceannais na hÉireann

Tháinig Gabriel Makhlouf isteach ar Chomhairle an ESRI in 2020. Tá sé mar Ghobharnóir ar Bhanc Ceannais na hÉireann, ina chathaoirleach ar Choimisiún an Bhainc Ceannais, ina chomhalta de Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus den Bhord Eorpach um Riosca Sistéamach, agus is é Gobharnóir Ailtéarnach na hÉireann é ar an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta. Sula ndeachaigh sé isteach i mBanc Ceannais na hÉireann, bhí sé ina Rúnaí ag Státchiste na Nua-Shéalainne agus ina Phríomhchomhairleoir Eacnamaíochta agus Airgeadais don rialtas. Chomh maith leis sin, ba é Gobharnóir Ionadaí na Nua-Shéalainne é sa Bhanc Domhanda, i mBanc na hÁise don Infheistiú sa Bhonneagar,
i mBanc Forbartha na hÁise agus sa Bhanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha. Bhí sé ina chomhchathaoirleach ar Chomhairle Baincéireachta Trans-Tasman chomh maith.Roimhe sin, bhí sé ag obair sa státseirbhís sa Ríocht Aontaithe, áit a raibh róil éagsúla aige a bhain le beartas ar cheisteanna cánach intíre agus idirnáisiúnta agus seachadadh oibríochtaí mórscála.Tá seal caite aige mar chathaoirleach ar Choiste an OECD um Ghnóthaí Fioscacha agus is é a bhí freagrach as Seirbhís Baincéireachta Rialtas na Ríochta Aontaithe.

**David Moloney,** Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe

Tháinig David Moloney isteach ar Chomhairle an ESRI i mí na Samhna 2010. Is é Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe é. Roimhe sin, bhí sé ina Cheannasaí ar an Rannóg um Margadh an tSaothair agus Fiontraíocht sa Roinn agus é freagrach as réimsí éagsúla caiteachais, lena n-áirítear Coimirce Shóisialta, Tithíocht, Fiontraíocht agus Talmhaíocht, agus as Seirbhís Eacnamaíoch agus Meastóireachta Rialtas na hÉireann. Le linn a ghairmréime sa Státseirbhís, d’fhóin David i Roinn an Taoisigh, sa Roinn Airgeadais agus sa Roinn Sláinte chomh maith.

**Ciarán Ó hÓgartaigh**, Uachtarán, Ollscoil na Gaillimhe

Tháinig an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh isteach ar Chomhairle an ESRI i mí Mheán Fómhair 2021. Ceapadh é mar Uachtarán ar Ollscoil na Gaillimhe in Eanáir 2018. Eisean an 13ú huachtarán. Roimhe

sin, bhí sé ina Ollamh le Cuntasaíocht agus ba é Déan an Ghnó é sa Choláiste Ollscoile, BÁC.

**Anne O'Leary,**, Ceannasaí Meta Ireland agus Leas-Uachtarán, Grúpa Domhanda Gnó, EMEA
Tháinig Anne O'Leary isteach ar Chomhairle an ESRI i mí na Bealtaine in 2022. Is í Ceannasaí Meta Ireland í faoi láthair agus Leas-Uachtarán ar EMEA í chomh maith, sin Grúpa Domhanda Gnó Meta. Roimhe sin bhí sí ina POF ar Vodafone Ireland agus ina hUachtarán ar Chomhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath. Tá sí ar bhoird Meta Platforms Ireland, Ltd, WhatsApp Ireland, IBEC agus Greencore. Bhí sí ina Cathaoirleach ar GOAL Global tráth.

**Orlaigh Quinn,** iar- Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Tháinig Orlaigh Quinn isteach ar Chomhairle an ESRI in 2020. D'éirigh as a post mar Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i mí na Bealtaine 2023. Mar státseirbhíseach gairme, bhí poist cheannaireachta aici i roinnt comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Coimisiún Eorpach. Tá sí ina comhalta boird de Ghnó sa Phobal in Éirinn; an tIonad Comhdhála, Baile Átha Cliath; den Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta; den Fhondúireacht um Staidéar Fioscach; den Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha; agus de Scoil Ghnó agus Eacnamaíochta J.E. Cairnes in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, faoi láthair. Iarchomhalta Taighde Cuartaíochta í i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá Dochtúireacht sa Rialachas aici ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Tá dhá leabhar scríofa aici ar an mbeartas poiblí.

# 7. PÁTRÚIN WHITAKER AGUS BAILL CHORPARÁIDEACHA

Tá ról chlár ballraíochta na hInstitiúide ag éirí níos tábhachtaí maidir le tacú le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach airgeadais na hInstitiúide. In 2023, lean an clár ballraíochta ar aghaidh ag fás, agus thacaigh an t-ioncam méadaithe le taighde ardchaighdeáin ar shaincheisteanna tábhachtacha atá roimh Éirinn a chur ar fáil. Eagraíodh go leor imeachtaí rathúla le linn na bliana do Phátrúin Whitaker agus do Chomhaltaí Corparáideacha, imeachtaí a chuir deiseanna ar fáil chun nascadh le taighde an ESRI agus leis na daoine ann. Cuireann sé sin le hinfheictheacht ár dtaighde agus cabhraíonn sé le braistint rannpháirtíochta leis an Institiúid a chothú agus ár neamhspleáchas agus ár n-oibiachtúlacht a choinneáil ar bun ag an am céanna.

| **Pátrúin Whitaker na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta** |
|---|
| Davy |
| EirGrid |
| Bord Soláthair an Leictreachais |
| Google |
| ICON |
| Intel |
| Kingspan |
| Microsoft |

| **Baill Chorparáideacha den Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta** |
|---|
| AbbVie |
| ABP Foods |
| Aer Lingus |
| AIB |
| An Garda Síochána |
| An Post |
| Becton Dickinson (BD) |
| Bord Bia |
| Bord Gáis Energy |
| Bus Éireann |
| Comhairle Contae an Chabháin |
| CCPC |
| Banc Ceannais na hÉireann |
| Coimisiún na Meán |
| Comhairle Cathrach Chorcaí |
| Comhairle Contae Chorcaí |
| daa |
| Datalex |
| DCC plc |
| Deloitte |
| An Roinn Talmhaíochta |
| An Roinn Cosanta |
| An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha |
| An Roinn Iompair |
| Bus Bhaile Átha Cliath |

| |
|---|
| Comhairle Contae Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin |
| Fiontraíocht Éireann |
| Fáilte Ireland |
| FBD |
| Comhairle Contae Fhine Gall |
| Greencoat Capital |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA) |
| Ibec |
| GFT |
| Institiúid na mBaincéirí |
| InterTradeIreland |
| Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| Irish Life |
| Iarnród Éireann |
| Uisce Éireann |
| Johnson & Johnson |
| Comhairle Contae Chiarraí |
| KPMG |
| Comhairle Contae Luimnigh |
| Comhairle Contae Lú |
| Malin plc |
| Ospidéal an Mater |
| Matheson |
| Comhairle Contae na Mí |
| Grúpa Musgrave |
| Norbrook |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair |
| GBCN |
| Grúpa OHM |
| Portwest |
| PTSB |
| PwC |
| Rexel Group |
| Ryanair |
| SIPTU |
| Sisk |
| Tesco |

AN INSTITIÚID
UM THAIGHDE
EACNAMAÍOCHTA
AGUS SÓISIALTA
ESRI ECONOMIC & SOCIAL
RESEARCH INSTITUTE

Cearnóg Whitaker
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2
D02 K138